


# Tuarascáil Bhliantúil

# 2013

CIE

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Misin, Luachanna agus Cuspóirí CIÉ | 2 |
| Buaicphointí | 3 |
| Córas Iompair Éireann – Sracfhéachaint | 5 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 6 |
| Athbhreithniú Airgeadais 2013 | 9 |
| Athbhreithniú ar Ioncam Conartha PSO 2008-2013 | 14 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2013 | 17 |
| Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa | 37 |
| Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann | 39 |
| Ráiteas Rialachais Chorparáidigh | 42 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 45 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt | 46 |
| Na Príomh-Bheartais Chuntasaíochta | 48 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite | 51 |
| Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána | 52 |
| Clár Comhardaithe Comhdhlúite | 53 |
| Clár Comhardaithe na Cuideachta | 54 |
| Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite | 55 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 56 |



Transport for Ireland

*Ba mhaith le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don mhaoiniú ar mhórthionscadail a rinne Rialtas na hÉireann faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar aon le cómhaoiniú ón Aontas Eorpach.*

NDP

# Misean, Luachanna agus Cuspóirí CIÉ

## MISEAN

Tá fís CIÉ ar chomhréim lenár sainordú reachtúil chun córas iompair bus agus iarnróid, a bhfuil gá sóisialta leis, a sholáthar ar bhealach comhtháite a fheidhmíonn go maith trína gcuirtear le forbairt gheilleagrach réigiúnach chothromúil agus le comhtháthú sóisialta ar chostas réasúnta.

I láthair na huaire, tá roinnt de na feidhmeanna sin curtha ag CIÉ ar thrí fhochuideachta oibriúcháin faoi Acht 1986 – Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann.

## LUACHANNA

Anuas ar gach rud eile, is mór ag CIÉ agus ag a fhochuideachtaí oibriúcháin (Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann) sábháilteacht a gcustaiméirí agus a bhfostaithe agus na n-úsáideoirí eile iarnród agus bóithre.

Tá ár gcustaiméirí ag croílár ár ngnólachtaí againn sa Ghrúpa. Trí fheabhsuithe leanúnacha, déanann an Grúpa a dhícheall seirbhís atá cairdiúil, éifeachtach agus sábháilte a bhfuil luach maith ar airgead uirthi a sholáthar do chustaiméirí, agus caitheamh le gach aon duine le cúram agus le tuiscint chuí.

Táimid ag croílár bhonneagar na hÉireann le níos mó ná leathchéad bliain anois agus, mar sin, táimid fíorbhródúil as córas iompair phoiblí ríthábhachtach a chur ar fáil do dhaoine i mbailte, i sráidbhailte agus i gcathracha. De bhreis air sin, táimid an-bhródúil as a chinntiú go dtugaimid na mílte duine chun na hoibre, chun na scoile, chun na siopaí, agus chun cuairt a thabhairt ar dhaoine muinteartha agus ar chairde leo gach aon lá.

Tá ár bhfostaithe ríthábhachtach chun seirbhísí iompair phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, agus táimid go láidir ar son ár mbaill foirne a chumasú chun a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.

## CUSPÓIRÍ

Seirbhís iompair phoiblí shábháilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí thar ceann an Stáit.

Cluas éisteachta a thabhairt dár gcustaiméirí i gcónaí mar is iad a dhéanann an difear sa tseirbhís a chuirimid ar fáil.

An staid chun tosaigh sa mhargadh atá againn a choinneáil i margadh agus i dtimpeallacht ar a bhfuil athrú ag teacht trí dhíriú go láidir ar fheabhsuithe leanúnacha.

A chinntiú, nuair is féidir, go leanaimid orainn ag tacú le pobail áitiúla agus ceangal a chur ar fáil eatarthu.

Ár dtaithí agus ár saineolas a úsáid chun seirbhísí bus agus iarnróid a sholáthar arbh fhéidir le muintir na hÉireann a bheith bródúil astu.

# Buaicphointí

1. **Ba é €1,006.4 milliún an láimhdeachas in 2013.**
2. **Tháinig méadú €20 milliún ar thuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh (EBITDA) arna choigeartú le haghaidh míreanna "aonuaire" go dtí €50.4 milliún in 2013.**
3. **Baineadh amach coigilteas €10 milliún ar an bpárolla in 2013.**
4. **Ba í 2013 an bhliain ab fhearr riamh ag CIÉ Tours. Thaistil 49,400 paisinéir le CIÉ Tours agus gineadh ioncam €67.9 milliún.**

## Téarnamh

**Fás ar líon na bpaisinéirí.**

**Seirbhísí a chothú agus a choimeád.**

**Éifeachtúlacht a sheachadadh.**



# Tús áite a thabhairt do chustaiméirí

**Network Direct de chuid Bhus Átha Cliath curtha i gcrích.**

**Athbhreithniú ar Expressway Bhus Éireann curtha i gcrích.**

**Stáisiúin nua de chuid Iarnród Éireann.**

**Wi-Fi saor in aisce ar bhusanna agus ar thraenacha.**



# Córas Iompair Éireann – Sracfhéachaint

## Cé Muid Féin?

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann córas iompair phoiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtais na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tá an Grúpa eagraithe i dtrí fhochuideachta oibriúcháin – Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann – mar aon le feidhm seirbhísí lárnacha a gcuireann tacaíocht ar fáil dóibh. Anuas ar na fochuideachtaí iompair phoiblí dá chuid, tá CIÉ Tours International Inc. faoi úinéireacht CIÉ freisin. Tháinig 49,400 turasóir go hÉirinn agus go dtí an Ríocht Aontaithe ar thuras cóiste dá chuid. Cuireann CIÉ treoir, rialú agus comhordú foriomlán straitéiseach ar fáil, ach tá ardleibhéal neamhspleáchas oibriúcháin ag gach fochuideachta agus aonad gnó agus iad i mbun a gcuid gnó laethúil.

| Aonán | Earnálacha an Mhargaidh agus Seirbhísí | EBITDA 2013 | Ioncam | | Fostaithe | | Nasc le Rannáin Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Córas Iompair Éireann | Tá trí chuideachta iompair phoiblí faoi úinéireacht CIÉ: Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann.<br>Tá CIÉ Tours faoi úinéireacht CIÉ. Tionscnóir turas nuálach a bhfuil ardmheas air is ea CIÉ Tours, a bhíonn ag feidhmiú i Meiriceá Thuaidh, sa Ríocht Aontaithe agus ar mhór-roinn na hEorpa.<br>Cuireann CIÉ roinnt seirbhísí ar fáil go lárnach a thacaíonn leis na cuideachtaí iompair agus le CIÉ Tours ina n-oibríochtaí laethúla. Ina measc siúd, áirítear seirbhísí TF, seirbhísí maoine, seirbhísí dlíthiúla/fiosraithe, agus seirbhísí cistíochta. | €58.6m | Ioncam ó Thicéid<br>Ioncam ó Chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí<br>Turais, Maoin, agus Líonra Fógraíochta Comaitéireachta (CÁN)<br>**Iomlán** | €689.2m<br>€241.5m<br>€75.7m<br>**€1,006.4m** | Grúpa CIÉ (lena n áirítear cuideachtaí oibriúcháin)<br>Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ | 9,691<br>241 | Athbhreithniú ar Airgeadas agus ar Oibríochtaí CIÉ, leathanach 9 |
| Iarnród Éireann Irish Rail | Soláthraíonn Iarnród Éireann na seirbhísí seo a leanas:<br>• Seirbhísí iarnróid idirchathrach.<br>• Seirbhísí DART agus seirbhísí iarnróid comaitéireachta.<br>• Lastas iarnróid.<br>• Europort Ros Láir. | €25.3m | Ioncam ó Thicéid<br>Ioncam ó Chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí<br>**Iomlán** | €195.2m<br>€142.6m<br>**€337.8m** | Oibríochtaí iarnróid<br>Bonneagar<br>Seirbhísí lárnacha<br>Lastas iarnróid<br>Europort Ros Láir<br>**Iomlán** | 2,280<br>1,282<br>146<br>11<br>73<br>**3,792** | Athbhreithniú ar Iarnród Éireann, leathanach 20 |
| Bus Átha Cliath | Soláthraíonn Baile Átha Cliath seirbhísí comaitéireachta i gceantar Bhaile Átha Cliath:<br>• Seirbhísí Cathrach.<br>• Nitelink.<br>• Airlink.<br>• Turais timpeall na cathrach.<br>• Fruiliú Príobháideach. | €9m | Ioncam ó Thicéid<br>Ioncam ó Chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí<br>**Iomlán** | €204.1m<br>€64.6m<br>**€268.7m** | Lánaimseartha | 3,172 | Athbhreithniú ar Bhus Átha Cliath, leathanach 24 |
| Bus Éireann | Soláthraíonn Bus Éireann trí phríomhsheirbhís:<br>• Os cionn 300 bealach a gcuirtear ar fáil iad le maoiniú ón Stát.<br>• 25 bealach Expressway idirnasctha.<br>• An Scéim Iompair Scoile thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna. | €6.9m | Ioncam ó Thicéid<br>Ioncam ó Chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí<br>**Iomlán** | €289.9m<br>€34.4m<br>**€324.3m** | Lánaimseartha<br>Páirtaimseartha*<br>**Iomlán**<br>**Tiománaithe a bhaineann le Seirbhísí* | 2,044<br>442<br>**2,486** | Athbhreithniú ar Bhus Éireann, leathanach 27 |

# Ráiteas an Chathaoirligh



D'aithin mé i mo ráiteas anuraidh gur bhliain rídheacair do CIÉ a bhí sa bhliain 2012. Tháinig staid airgeadais thromchúiseach chun cinn sa Ghrúpa agus baineadh an bonn dá chobhsaíocht airgeadais mar thoradh ar an tionchar carnach a bhí éileamh atá ag laghdú le cúig bliana anuas ar iompar poiblí, mar aon le maoiniú laghdaithe ón Státchiste ar iompar poiblí agus costais mhéadaithe ar bhreosla.

In ainneoin gur tháinig feabhas ar ghnéithe áirithe d'fheidhmíocht CIÉ in 2013, tá dúshláin an-suntasach ann i gcónaí agus ní mór do Ghrúpa CIÉ agus dá fhochuideachtaí aghaidh a thabhairt orthu sin.

I dtéarmaí fheidhmíocht fheabhsaithe CIÉ in 2013, tháinig méadú €20 milliún ar an airgead tirim a tháinig ó oibríochtaí an Ghrúpa ar bhonn iontamhla i gcomparáid le 2012.

| | 2013 €m | 2012 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| EBITDA* | 58.6 | 90.3 | (31.6) |
| *Coigeartuithe aonuaire* | | | |
| Íocaíocht Neamhbheartaithe Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) | – | (36.0) | 36.0 |
| Coigeartuithe pinsin | (8.2) | (23.9) | 15.7 |
| *Airgead tirim arna ghiniúint ar bhonn iontamhla* | 50.4 | 30.4 | 20.0 |

** Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh*

In ainneoin gur rud dearfach é an méadú €20 milliún ar airgead tirim arna ghiniúint ó oibríochtaí an Ghrúpa, folaítear roinnt treochtaí éagsúla leis, go príomha iad seo a leanas:

1. Níorbh leor ioncam méadaithe €40 milliún chun tionchar an ioncaim laghdaithe ó na conarthaí Oibleagáide Seirbhísí Poiblí (PSO) leis an Údarás Náisiúnta Iompair a fhritháireamh. Tháinig laghdú €51.3 milliún ar an ioncam ó na conarthaí sin agus ó dheontais eile ón Státchiste i gcomparáid le 2012.
2. Baineadh amach coigilteas €10 milliún ar chostas párolla sa Ghrúpa, ach rinneadh é sin a fhritháireamh le costais bhreosla níos airde (€4.2 milliún) agus le laghdú €15.7 milliún ar choigeartú pinsin dearfach ar moladh don Ghrúpa é a dhéanamh in 2013.

Is ann d'ábhair eile dóchais de bhreis ar na feabhsúcháin ar fheidhmíocht oibriúcháin an Ghrúpa, ach a bheith airdeallach ina dtaobh.

D'éirigh leis an nGrúpa idirbheartaíocht maidir le saoráid bhaincéireachta nua €160 milliún a mhairfidh ar feadh tréimhse cúig bliana a chur i gcrích go rathúil le cuibhreannas banc, rud a léiríonn go hoibiachtúil go bhfuil an Grúpa ag dul sa treo cheart maidir le gnólacht a chruthú atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de san fhadtéarma.

Tháinig feabhas beag arís ar an treocht leochaileach maidir le líon na bpaisinéirí agus na n-aistear in 2013 de réir mar a bhí comharthaí feabhais le feiceáil ar gheilleagar bunúsach na hÉireann.

Ar deireadh, cuireadh cláir laghdaithe costas i gcrích i gcomhar le baill foirne Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann. Cuireadh isteach go mór ar ár bpaisinéirí mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch sa dá ghrúpa, agus is oth le CIÉ an cur isteach sin.

Agus an ráiteas seo á scríobh, tá an-dul chun cinn déanta ar an idirbheartaíocht le baill foirne Iarnród Éireann. Tá an-dóchas orm go bhféadfar na laghduithe deacra a bhfuil géarghá leo ar an bpárolla a bhaint amach gan gníomhaíocht thionsclaíoch eile.

In ainneoin na n-éachtaí sin in 2013, tá dúshláin shuntasacha airgid os comhair an Ghrúpa fós agus iarracht á déanamh aige i gcónaí leibhéal cuimsitheach seirbhísí a sheachadadh ar ioncam laghdaithe ó chonarthaí PSO. I measc na ndúshlán sin, áirítear iad seo a leanas:

- Díriú go leanúnach ar chostais an Ghrúpa a laghdú tráth a bhfuil brú as cuimse ar chistiú poiblí.
- Fás suntasach ar ioncam a bhaint amach, rud a bhraitheann i bpáirt ar chinntí tríú páirtí. Is é an tÚdarás Náisiúnta Iompair an comhlacht ceadaithe le haghaidh méaduithe ar tháillí, ach ní chuirtear cobhsaíocht airgeadais Ghrúpa CIÉ san áireamh i gcuspóirí an Údaráis maidir lena bheartas i leith táillí. Ba léir na deacrachtaí a bhaineann leis sin ó thaobh CIÉ de sna cinntí maidir le táillí a glacadh i Samhain 2013. Níor deonaíodh ina n-iomláine na méaduithe ar tháillí a bhí iarrtha ag Iarnród Éireann agus ag Bus Éireann, rud a chuirfidh leis na dúshláin a bheidh le sárú ag an dá chuideachta sna blianta amach romhainn.
- Mar gheall ar an mbrú as cuimse atá ar an Státchiste, tá laghdú ollmhór tagtha ar an ioncam ó chonarthaí PSO atá ar fáil do Bhus Átha Cliath, do Bhus Éireann agus d'Iarnród Éireann. Ó 2008 i leith, tá gannchion carnach €211 mhilliún tagtha ar mhéideanna dlite do Ghrúpa CIÉ faoi chonarthaí PSO as seirbhísí arna gcur ar fáil. Mar gheall ar an ngannchion sin, i gcomhar leis na moilleanna a bhí le costais an Ghrúpa a laghdú, tá ganncion tromchúiseach airgeadais sa Ghrúpa ó bhí 2008 ann. B'éigean an ganncion sin a chistiú trí mheascán d'fhiachas bainc agus de dhíolachán sócmhainní. Is léir nach staid inbhuanaithe atá sa staid sin agus, in 2014, ní mór do Ghrúpa CIÉ fiachas €13 mhilliún a aisíoc anuas ar a oibleagáidí laethúla a chomhlíonadh.
- Ar deireadh, tá dúshláin shuntasacha os comhair an Ghrúpa maidir le hinfheistíocht chaipitiúil riachtanach a fháil ón Státchiste le haghaidh na bhflíteanna agus an bhonneagair iompair phoiblí. De réir na gcomharthaí ar fad, beidh easnamh géar ar an gcaipiteal a bheidh ar fáil don Údarás Náisiúnta Iompair chun ceannach láithreach flíteanna busanna le haghaidh Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann a chistiú agus chun cothabháil leanúnach ar fhlít rothstoic Iarnród Éireann a

chistiú sa tréimhse 2014-2016. Maidir le ceannach flíteanna busanna, tá iniúchadh á dhéanamh ag an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag CIÉ maidir leis na roghanna a bhaineann le busanna a fháil ar léas. Bíodh is go bhféadfaí infheistíocht a bhfuil géarghá léi a dhéanamh sna flíteanna busanna sa tréimhse 2014-2016 trí bhusanna a fháil ar léas, ní bheidh ann ach réiteach gearrthéarmach ar an bhfadhb sin. Beidh brú freisin ar chaipiteal le hinfheistiú sa bhonneagar buan iarnróid. Tá sé fíor-riachtanach, dá bhrí sin, go dtiocfar ar chomhaontú maidir le Conradh Ilbhliantúil nua maidir leis an mbonneagar iarnróid d'fhonn todhchaí an iarnróid in Éirinn a áirithiú.

In ainneoin na ndúshlán sin, tá áthas orm go bhfuil a ghréasán cuimsitheach seirbhísí á chothabháil i gcónaí ag CIÉ trína chuid fochuideachtaí. Éascaítear leis sin cúrsaí taistil chuig gach cearn den tír de réir shainordú an Ghrúpa.

Anuas air sin, cúis áthais atá ann go raibh an bhliain ab fhearr riamh ag CIÉ Tours in 2013. Bhí ioncam €67.9 milliún ag an bhfochuideachta agus thaistil 49,400 paisinéir léi, an líon ba mhó daoine riamh.

In ainneoin na dtosca airgeadais deacra a bhí le sárú ag an nGrúpa in 2013, lean fochuideachtaí CIÉ dá gcuid sheirbhísí don phobal a fheabhsú mar seo a leanas:

- Leanadh de rochtain ar Wi-Fi a chur i bhfeidhm ar fhlíteanna Iarnród Éireann, Bhus Éireann agus Bhus Átha Cliath.
- Athchóiriú iomlán a dhéanamh ar Expressway Bhus Éireann agus na bealaí nua sa Ghréasán Díreach de chuid Bhus Átha Cliath a chur i gcrích go rathúil.
- Laghduithe breise ar chostas a chur ar fáil maidir le Seirbhísí Iompair Scoile a sholáthar.
- Roinnt stáisiúin traenach nua a oscailt ar an ngréasán iarnróid.

Lean an Grúpa de ról gníomhach a ghlacadh chun tacú leis na pobail ar a bhfreastalaíonn sé agus chun beartais maidir le dea-shaoránacht chorparáideach a shaothrú. I measc thionscnaimh an Ghrúpa, áirítear iad seo a leanas:

- Leanúint le Clár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath.
- Tacaíonn Bus Éireann le raon leathan tionscnaimh spóirt náisiúnta agus áitiúla amhail Sraith Náisiúnta FAI na mBan, Comórtais Féile faoi 14 an CLG, agus imeachtaí a bhíonn á reáchtáil ag réimse leathan clubanna spóirt áitiúla ar fud na tíre.
- Tionscnamh "The Journey's on Us" de chuid Iarnród Éireann – chun taisteal grúpa saor in aisce a chur ar fáil do 100 grúpa pobail agus tacú leis an imeacht tionscnaimh de Mhí an Ribín Uaine, chun feasacht a mhúscailt ar fhadhbanna meabhairshláinte.
- Tionscnaimh comhshaoil ar fud na gcuideachtaí lena n-áirítear laghduithe ar an ídiú breosla, agus athchumrú a dhéanamh ar fhlít Iarnród Éireann chun é a ailíniú leis na leibhéil éilimh reatha.

Tá dúshláin an-suntasach os comhair CIÉ agus a fhochuideachtaí, go háirithe Iarnród Éireann, i gcónaí. Ní dhéanaimid beagán de na constaicí atá le sárú againn. Mar sin féin, creidim go bhfuil an Grúpa ar an mbóthar ceart anois. Tá muinín agam, agus na páirtithe leasmhara ar fad ag tarraingt lena chéile, go leanfaimid orainn d'fheabhas a chur ar ghréasán iompair phoiblí na hÉireann.

## Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Dr. Leo Varadkar, T.D., agus leis an Aire Stáit d'Iompar Poiblí agus Coimitéara, Alan Kelly, T.D., as a dtacaíocht le Grúpa CIÉ i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le hoifigigh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus leis an Údarás Náisiúnta Iompair as a gcúnamh ar fad.

Tá mé faoi chomaoin freisin ag an Rialtas, agus ag an Taoiseach agus ag an Aire Airgeadais go háirithe, as na cláir mhóra infheistíochta ar tugadh fúthu faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, 2007-2013.

Admhaíonn an Bord freisin an tacaíocht a fuarthas ó chómhaoiniú faoi Chiste Struchtúrach an AE, agus táimid thar a bheith buíoch as.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le baill foirne chuideachtaí Ghrúpa CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana ar fad.

Ceapadh an tUasal Vincent Green chuig an mBord an 11 Eanáir, 2013. Chuaigh sé féin agus an tUasal Willie McDermott ar scor ón mBord an 30 Samhain, 2013. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a ndearna siad ar son CIÉ agus iad ina gComhaltaí den Bhord. Cuirimid fáilte in athuair roimh an Uasal Bill McCamley agus roimh an Uasal John Maloney tar éis an toghcháin a reáchtáladh faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Toghadh an tUasal Tom O'Connor agus an tUasal Tommy Wynne freisin, agus ceapadh chuig an mBord iad an 1 Nollaig, 2013.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird eile ar fad chomh maith le stiúrthóirí fhochuideachtaí uile an Bhoird as an gcabhair agus as an tacaíocht leanúnach a thug siad domsa go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun freastal ar na Boird agus ar na coistí agus ar na grúpaí comhairleacha ríthábhachtacha atá ann laistigh de Ghrúpa CIÉ.

**Vivienne Jupp**
*Cathaoirleach*

# Tacú leis an bpobal

**Clár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath.**

**Tacaíocht Iarnród Éireann le Mí an Ribín Uaine ar mhaithe le feasacht ar fhadhbanna meabhairshláinte a mhúscailt.**

**Tacaíocht Bhus Éireann le cúrsaí spóirt trí thacú le Sraith Náisiúnta FAI na mBan agus le Comórtais Féile de chuid an CLG.**



# Athbhreithniú Airgeadais 2013

## EBITDA

Léiríonn torthaí oibriúcháin an Ghrúpa CIÉ maidir le 2013 Tuilleamh roimh Ús, Cánacha, Dímheas agus Amúchadh (EBITDA) arb ionann é agus €58.6 milliún. Áiríodh leis an toradh sochar neamh-oibríochtúil €8.2 milliún a eascraíonn as na rialacha cuntasaíochta maidir le pinsin – FRS 17.

### Ioncam agus EBITDA

| | 2013 €m | 2012 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála | 764.9 | 724.9 | 40.0 |
| Ioncam Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) agus Ioncam Stáit Eile | | | |
| Ioncam Conartha PSO Pleanáilte | 225.9 | 242.1 | (16.2) |
| Ioncam Conartha PSO Neamhphleanáilte | – | 36.0 | (36.0) |
| Deontais Stáit Eile | 15.6 | 14.7 | 0.9 |
| | 241.5 | 292.8 | (51.3) |
| **Ioncam Iomlán** | **1,006.4** | **1,017.7** | **(11.3)** |
| Costais Oibríochta | | | |
| Párolla roimh Choigeartú Pinsin | (535.4) | (545.4) | 10.0 |
| Coigeartú Pinsin de réir FRS 17 | 8.2 | 23.9 | (15.7) |
| Ábhair agus seirbhísí | (420.6) | (405.9) | (14.7) |
| **Costais Oibríochta Iomlána** | **(947.8)** | **(927.4)** | **(20.4)** |
| **EBITDA** | **58.6** | **90.3** | **(31.7)** |

Bhí toradh EBITDA na bliana 2013 €31.7 milliún ní b'ísle ná EBITDA €90.3 milliún na bliana 2012. Mar sin féin, léirigh toradh 2012 tionchar dhá thoisc ábhartha aonuaire:

1. Íocaíocht Oibleagáide Seirbhíse Poiblí neamhphleanáilte bhreise €36 milliún ón Rialtas a fuarthas gar do dheireadh na bliana 2012; agus
2. Coigeartú dearfach €23.9 milliún a bhí ceangailte faoi na rialacha cuntasaíochta le haghaidh scéimeanna pinsin – FRS 17.

## EBITDA gan Tosca "Aonuaire" san Áireamh

Mura gcuirtear san áireamh tionchar na híocaíochta PSO neamhphleanáilte breise in 2012 agus na coigeartuithe ar chostais phinsin in 2012 agus in 2013 araon, is ionann an EBITDA bunúsach agus €50.4 milliún in 2013, feabhas €20 milliún ar an bhfeidhmíocht €30.4 milliún in 2012.

| | 2013 €m | 2012 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| **EBITDA** | **58.6** | **90.3** | **(31.7)** |
| *Eisiaigh:* | | | |
| Ioncam Conartha PSO Neamhphleanáilte | – | (36.0) | 36.0 |
| Coigeartú FRS 17 ar chostais phinsin | (8.2) | (23.9) | 15.7 |
| **EBITDA gan Tosca "Aonuaire" san Áireamh** | **50.4** | **30.4** | **20.0** |


## Ioncam

B'ionann ioncam an Ghrúpa CIÉ in 2013 agus €1,006.4 milliún, agus féadfar é a mhiondealú mar seo a leanas de réir cuideachta agus de réir gníomhaíocht ghnó:

### Ioncam ó Tháillí, Ioncam Tráchtála agus Ioncam PSO

| | 2013 €m | 2012 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Iarnród Éireann | 195.2 | 186.8 | 8.4 |
| Bus Éireann | 289.9 | 286.3 | 3.6 |
| Bus Átha Cliath | 204.1 | 191.1 | 13.0 |
| CIÉ (Turais, Réadmhaoin agus CAN) | 75.7 | 60.7 | 15.0 |
| **Ioncam ó Tháillí agus Ioncam Tráchtála** | **764.9** | **724.9** | **40.0** |
| Iarnród Éireann | 142.6 | 181.1 | (38.5) |
| Bus Éireann | 34.4 | 36.9 | (2.5) |
| Bus Átha Cliath | 64.5 | 74.8 | (10.3) |
| **Ioncam Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Ioncam Stáit Eile** | **241.5** | **292.8** | **(51.3)** |
| **Ioncam Iomlán** | **1,006.4** | **1,017.7** | **(11.3)** |

Cé gur éirigh le CIÉ €40 milliún a chur leis an ioncam ó tháillí agus an ioncam tráchtála in 2013, níorbh leor an fás sin chun fritháireamh a dhéanamh ar thionchar an ioncaim laghdaithe ó chonarthaí PSO (€51.3 milliún).
Is féidir achoimre ar an ngluaiseacht san ioncam ó 2012 go dtí 2013 a léiriú mar seo a leanas:




## Méadú ar an Ioncam

Tháinig fás €17.8 milliún, ar méadú suntasach é, ar an ioncam a tuilleadh ó CIÉ Tours mar gheall go raibh an bhliain ab fhearr fós ag an rannóg sin, bliain inar thug sí 49,400 cuairteoir go hÉirinn agus go dtí an Bhreatain Mhór.

Tháinig méadú €25 milliún ar ioncam ó tháillí in 2013 de bharr arduithe táillí a bhí ceadaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair gar do dheireadh na bliana 2012. Tá feabhas bunúsach éigin tagtha ar thurais phaisinéirí in ainneoin gur cuireadh isteach ar sheirbhísí in 2013.

Bhí laghdú le sonrú ar an ioncam tráchtála ó rannóga gnó eile, mar gheall ar an gcaillteanas ioncam cíosa don Ghrúpa tar éis gur díoladh Duga Spencer in 2012 den chuid ba mhó.

## Meath ar PSO

Ar an taobh diúltach, de bharr srianta géara ar chistiú ón Státchiste tháinig laghdú €51.3 milliún ar an ioncam PSO foriomlán in 2013, lena gcuimsítear:

- Laghdú €15.3 milliún arna chur in iúl ag an Státchiste ar ioncam PSO pleanáilte in 2013.
- Neamh-atarlú in 2013 d'ioncam PSO neamhphleanáilte €36 milliún na bliana 2012.

## Ioncam PSO neamhphleanáilte 2012

Amach sa bhliain 2012, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair íocaíocht bhreise neamhphleanáilte €36 milliún le hIarnród Éireann agus Bus Átha Cliath. Cé go raibh an €36 milliún breise dlite faoi théarmaí na gconarthaí PSO d'Iarnród Éireann (€30.6 milliún) agus do Bhus Átha Cliath (€5.4 milliún), ní raibh sé beartaithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair an íocaíocht a dhéanamh in 2012.
Mar gheall ar thosca éagsúla i gcomhar lena chéile, b'éigean íocaíocht PSO neamhphleanáilte a dhéanamh leis an nGrúpa, de bhreis ar an mbunmhéid €242.1 milliún a bhí leagtha amach don Ghrúpa in 2012. Ba iad seo a leanas na príomhthosca:


1. Easnamh €76 milliún sa chistiú a bhí ar fáil maidir le seirbhísí PSO thar na trí fhochuideachta oibríocha.
2. Mórscéim scaoilíocaíochtaí deonacha a chosain €34.2 milliún, faoinar fhág 315 duine an Grúpa, go háirithe ó Iarnród Éireann.
3. Infheistíocht €23.6 milliún i sócmhainní agus oibríochtaí iompair phoiblí, arna cistiú ag acmhainní dílse an Ghrúpa, nárbh fhéidir í a chur siar.

D'fhág tionchar na trí thoisc sin go raibh na línte maoinithe a bhí ar fáil don Ghrúpa go luath in 2012 neamhleor chun a riachtanais leachtachta a bhainistiú. Sa deireadh, réitíodh an riocht sin tríd an íocaíocht PSO neamhphleanáilte €36 milliún, sábháil costas €10 milliún ó thaobh an phárolla, agus díolachán leas an Ghrúpa i nDuga Spencer, lenar gineadh €20.5 milliún.

## Costais Oibríochta

Tháinig méadú €20.4 milliún ar chostais oibriúcháin an Ghrúpa in 2013, ó €927.4 milliún in 2012 go dtí €947.8 milliún in 2013. Leis an méadú foriomlán sin, cumhdaíodh roinnt treochtaí bunúsacha dearfacha agus diúltacha.
Is féidir achoimre ar an ngluaiseacht i gcostais oibriúcháin ó 2012 go dtí 2013 a léiriú mar seo a leanas:

**Príomhghluaiseachtaí i gCostais Oibriúcháin an Ghrúpa ó 2012-2013**




Tháinig laghdú €15.7 milliún ar choigeartuithe dearfacha cuntasaíochta um pinsean, a bhí molta ag achtúirí an Ghrúpa, in 2013 ó €23.9 milliún in 2012 go dtí €8.2 milliún in 2013.

Tháinig laghdú suntasach €10 milliún bliain ar bhliain ar chostais phárolla. Tá tuilleadh laghduithe ar bhille párolla an Ghrúpa beartaithe i gcomhair na bliana 2014.

Tháinig méadú €13.4 milliún ar an gcostas díolachán sa rannóg CIÉ Tours de bharr méadú 17% ar líon na dturasóirí a thug CIÉ go hÉirinn agus go dtí an Bhreatain Mhór in 2013 le hais leibhéil 2012, go dtí 49,400. Ar ndóigh, bhí an méadú sin ar chostais clúdaithe agus sáraithe ag an ioncam méadaithe ó na paisinéirí a iompraíodh.

Tháinig méadú €4.2 milliún ar chostais breosla don Ghrúpa in 2013, de bharr an mhéadaithe ar phraghas margaidh na hola.

Ghin sochar tionscnamh sábhála costais eile glansábháil costais €2.9 milliún.

**Costais**

**Laghdú €10 milliún ar chostas párolla.**

**Tháinig méadú ar chostas mar gheall ar fhás 17% ar líon na bpaisinéirí le CIÉ Tours.**

## (Easnamh)/Barrachas don bhliain

Thuairiscigh an Grúpa CIÉ glaneasnamh €11.6 milliún in 2013. Bhí sé sin i gcomparáid le glanbharrachas €11.7 milliún in 2012, meath €23.3 milliún.

| | 2013 €m | 2012 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| **EBITDA** | **58.6** | **90.3** | **(31.7)** |
| Ioncam/(Costais) Neamhoibriúcháin | | | |
| Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta | 2.8 | 21.7 | (18.9) |
| Costais Eisceachtúla | (5.2) | (34.3) | 29.1 |
| | (2.4) | (12.6) | 10.2 |
| Dímheas tar éis Amúchta | (59) | (58.7) | (0.3) |
| Glanchostas Úis | (3.5) | (2.2) | (1.3) |
| Costais Airgeadais Eile | (5.3) | (5.1) | (0.2) |
| | (67.8) | (66) | (1.8) |
| Iomlán an Ioncaim agus na gCostas Neamhoibriúcháin | (70.2) | (78.6) | 8.4 |
| **Glan(easnamh)/ Barrachas** | **(11.6)** | **11.7** | **(23.3)** |

Bhí an meath €23.3 milliún ina thoradh ar mheath €31.7 milliún ar EBITDA a bhí fritháirithe i bpáirt ag feabhas €8.4 milliún a tháinig ar ioncam neamhoibriúcháin agus línte costais an Ghrúpa.

Ar an toisc is mó ba bhun leis an bhfeabhas €8.4 milliún sin, bhí an laghdú suntasach €29.1 milliún ar chostais téarfa dheonaigh sa Ghrúpa in 2013.

Tháinig costais maoinithe €1.3 milliún chun cinn in 2013 nuair a mhéadaigh leibhéal iasachtaí an Ghrúpa ó €88 milliún in 2012 go dtí €113 milliún in 2013.

## Saoráidí Baincéireachta

Ó 2008 i leith, tá an Grúpa tar éis maoiniú a dhéanamh ar an easnamh €211 milliún in ioncam conartha PSO, agus é ag coimeád seirbhísí ar bun, trí dhíol sócmhainní (€121 milliún) agus trí chur lena chuid saoráidí iasachta. In 2013 d'éirigh le CIÉ saoráid bhaincéireachta 5 bliana €160 milliún a fháil.

Cuimsítear le saoráidí 2013 iasacht théarmach 5 bliana €80 milliún agus saoráid imrothlach €80 milliún. Tá an iasacht théarmach in-aisíoctha ag ráta €13 milliún in aghaidh na bliana agus beidh an chéad aisíocaíocht dlite in Iúil 2014.

Tá na saoráidí sin bunaithe ar ghnáthshocruithe margaidh lena gceanglaítear go gcloífidh CIÉ le roinnt cúnant caighdeánach airgeadais de chuid an mhargaidh – go háirithe coibhneas an Ghlanfhéich le EBITDA a laghdú thar shaol na saoráide.

Mar gheall ar an gceanglas fiach a laghdú tríd an iasacht théarmach a laghdú thar shaol an chomhaontaithe, tá an Grúpa dírithe ar thionscnaimh a fhorbairt chun a áirithiú go seachadfaidh a chuid Conarthaí PSO toradh leordhóthanach chun a chur ar chumas an Ghrúpa a chuid oibleagáidí faoin gcomhaontú saoráid bhaincéireachta a chomhlíonadh. Áirítear ar na tionscnaimh sin cláir tiomsaithe ioncaim agus cláir um shrianadh costas.

## Dul chun cinn maidir le Laghdú Costas


I rith 2013, lean an Grúpa ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir le cláir um shrianadh costas a sheachadadh.

- Chaibidligh Bus Éireann clár laghdaithe costas lena fhoireann i mBealtaine 2013.
- Chomhaontaigh Bus Átha Cliath pacáiste bearta lena fhoireann lenar daingníodh laghduithe costas a thacóidh leis an ngnó ar feadh na bliana 2014.
- Tá Iarnród Éireann i mbun caibidlíochta leis an bhfoireann chun sraith bearta pá agus táirgiúlachta a chur i bhfeidhm.
- Tá tús curtha ag Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ le próiseas rannpháirtíochta leis an bhfoireann chun pacáiste bearta a chur i bhfeidhm ar cosúil iad leo siúd atá faoi chaibidlíocht in Iarnród Éireann.

Tá sé ina phríomh-gharsprioc maidir le hathléimneacht airgeadais an Ghrúpa a athshlánú cláir chomhaontaithe a aithint lena dtabharfar seirbhísí iompair phoiblí ar ais chun brabúsachta. Chomh maith leis na tionscnaimh atá dírithe ar chostais a laghdú, leanann an Grúpa ag dul i gcomhairle lena chuid páirtithe leasmhara go léir chun bearta iomchuí a aithint trína gceartófar na heasnaimh charntha, atá os cionn €211 milliún, atá tagtha chun cinn ó 2008.

## Infheistíocht Chaipitil

Leanann Grúpa CIÉ agus a fhochuideachtaí ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Údarás Náisiúnta Iompair chun na deiseanna is fearr le haghaidh infheistíocht chaipitil sa ghréasán iompartha poiblí a aithint. Tá an infheistíocht chaipitil ina heochairghné maidir le feabhas a chur ar shábháilteacht an ghréasáin agus ar chompord ár bpaisinéirí. Tá sí ina bhunchloch freisin maidir le sábháil bhreise costais a bhaint amach i ndáil le costais oibriúcháin.




B'ionann infheistíocht an ghrúpa i sócmhainní seasta sa bhliain 2013 agus €208 milliún (2012 - €195 milliún). D'ainneoin an mhéadaithe in 2013, tá treocht anuas suntasach san infheistíocht i sócmhainní córas iompair phoiblí arna mbainistiú ag an nGrúpa CIÉ ó 2008 i leith. Is amhlaidh atá mar gheall ar na srianta airgeadais ar an Státchiste mar aon le cur i gcrích cláir infheistíochta an-suntasach.

Ar leithligh ón PSO, fuair an Grúpa cistiú €167 milliún ón Státchiste agus ón AE maidir le hinfheistíocht chaipitiúil. Bhí an cistiú sin díorthaithe go príomha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, agus bhí méadú €4 milliún air le hais leibhéil na bliana 2012.

**Infheistíocht 2008-2012**

**Cistiú €2 billiún ón Stát.**
**Cistiú €308 milliún ó CIÉ.**

# Athbhreithniú ar an Ioncam Conartha PSO 2008-2013

Oibríonn Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann (Cuideachtaí Oibríocha) seirbhísí iompair phoiblí ar inmhianaithe go sóisialta iad ach nach bhfuil inmharthana ar bhonn eacnamaíoch faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) ón Údarás Náisiúnta Iompair.

I rith 2013, mar a bhí amhlaidh gach bliain ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais in 2008, bhí gach Cuideachta Oibríoch ag obair go dlúth leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun laghduithe breise ar ioncam ó na conarthaí PSO sin a iompar agus iad ag coimeád ar bun seirbhísí iompair phoiblí sna trí chuideachta, ó thaobh minicíochta agus cáilíochta.

Ar an drochuair, níorbh leor iad na méideanna laghdaithe a bhí ar fáil le haghaidh íocaíochta ag an Údarás Náisiúnta Iompair faoi na conarthaí PSO sin chun na Cuideachtaí Oibríocha a chúiteamh go hiomlán as na seirbhísí a sholáthraítear. Ag tabhairt aghaidh air sin, bhí an rogha ag gach Cuideachta Oibríoch laghduithe suntasacha ar sheirbhísí a lorg nó caillteanais a iompar agus a chistiú ar na conarthaí sin.

Agus na cinntí deacra a bhí le déanamh ag an Rialtas ó thaobh cúrsaí sóisialta agus geilleagracha á n-aithint ag CIÉ, agus aird aige ar an tábhacht a bhaineann leis an iompar poiblí don gheilleagar bunúsach, chinn sé caillteanais a iompar agus leanúint ar aghaidh ag coimeád seirbhísí bus agus iarnróid an Ghrúpa ar bun ó thaobh líon, cháilíocht agus mhinicíocht na seirbhísí.

Tá an gá atá le harduithe bliantúla táillí chun cúngú a dhéanamh ar an mbearna idir na costais a bhaineann le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar agus éifeacht na laghduithe ar ioncam PSO ó 2008 i leith aitheanta ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Mar sin féin, níorbh leor na harduithe táillí a deonaíodh agus na cláir léanmhara chun costais a laghdú, lenar áiríodh laghduithe pá don fhoireann, chun fritháireamh a dhéanamh ar na costais a bhain le seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar sa tréimhse 2008-2013.

D’fhág sé sin ar fad gur thabhaigh Cuideachtaí Oibríocha CIÉ caillteanais charnacha €211 milliún ar a gcuid conarthaí PSO sa tréimhse 2008 go dtí 2013. Rinne CIÉ cistiú ar na caillteanais sin sa tréimhse sin trí fhiach bainc agus trí eilimintí suntasacha de phunann eastáit réadaigh CIÉ a dhíol, lenar gineadh fáltais €121 milliún.

## Caillteanas Carnach ar Chonarthaí PSO ó 2008 i leith

Is féidir anailís a dhéanamh ar an gcaillteanas carnach ar chonarthaí PSO ó 2008 i leith mar seo a leanas:

| | Turais Paisinéir PSO m | Ioncam ó Sheirbhísí Seirbhísí €m | Costais na Poiblí Seirbhísí €m | Ioncam ó Chonarthaí Conarthaí €m | Caillteanas ar Chonarthaí Conarthaí €m |
|---|---|---|---|---|---|
| 2008 | 236.4 | 469 | (817) | 309 | (39) |
| 2009 | 209.3 | 441 | (771) | 303 | (27) |
| 2010 | 194.5 | 402 | (721) | 276 | (43) |
| 2011 | 190.9 | 389 | (700) | 265 | (46) |
| 2012* | 188.7 | 406 | (724) | 278 | (40) |
| 2013 | 188.3 | 440 | (682) | 226 | (16) |
| Caillteanas Carnach ar Chonarthaí PSO | | | | | (211) |

** áirítear leis íocaíocht PSO neamhphleanáilte €36 milliún*



# Costais a laghdú

**Coigilteas €181 mhilliún ar chostas párolla ó 2008 i leith.**

**Glan-choigilteas €135 mhilliún ó 2008 i leith.**

Tá laghdú tagtha ar an ioncam ó phaisinéirí ó 2008 i leith mar gheall ar laghdú ar thurais phaisinéirí de réir mar a chrap an geilleagar. Aisiompaíodh an treocht maidir le laghdú ioncaim in 2012 toisc gurbh leor na harduithe táillí chun an laghdú ar líon na bpaisinéirí a fhritháireamh. Lean an treocht seo ar aghaidh in 2013

Tá laghdú €135 milliún tagtha ar na costais bhliantúla a bhaineann leis an ngréasán iompartha poiblí a oibriú ó 2008 i leith. Cuimsítear leis na laghduithe costais sin €181 milliún i laghduithe costas párolla arna bhfritháireamh le méaduithe €46 milliún ar chostais neamh-phárolla. Baineann an méadú €46 milliún i gcostais neamh-phárolla den chuid is mó le costais bhreosla níos airde sa tréimhse agus costais chothabhála bhreise ar fhlít rothstoic Iarnród Éireann a bhí riachtanach chun na sócmhainní a chothabháil i gcomhréir leis na caighdeáin sábháilteachta atá ina gceangal ina leith.

Ag baint úsáide as an mbliain 2008 mar bhonnlíne, tá na treochtaí suntasacha seo a leanas le sonrú:

- Shocraigh turais phaisinéirí in 2013 síos sa deireadh ag 80% de leibhéil na bliana 2008.
- Faoin 2011, bhí an t-ioncam ó phaisinéirí laghdaithe go dtí an pointe ab ísle agus é ag 83% de leibhéil na bliana 2008. Tá téarnamh tagtha air ó shin go dtí 94% de leibhéal 2008. Is iad na harduithe táillí is cúis leis an téarnamh sin den chuid is mó.
- Rinneadh laghdú comhsheasmhach ar chostais oibriúcháin thar an tréimhse agus is ionann anois iad agus 84% de leibhéal na bliana 2008.
- Lean an meath ar an ioncam ó na conarthaí PSO thar an tréimhse agus is ionann anois é agus 73% de leibhéal na bliana 2008. In ainneoin sin, tá leibhéil seirbhíse 2008 á gcoimeád ag CIÉ agus a chuid Cuideachtaí Oibríocha ó thaobh minicíochta agus cáilíochta.

Toisc gur laghdaigh leibhéil ioncaim PSO, ag 73%, i bhfad níos tapúla ná costais oibriúcháin bhunúsacha an chórais iompair phoiblí, tá glaneasnaimh maidir le conarthaí PSO fós á dtabhú go bliantúil ó thaobh CIÉ.

Tá CIÉ ag cloí lena chur chuige dírithe maidir le tuilleadh laghduithe costais a bhaint amach chun cúngú a dhéanamh ar an mbearna idir ioncam PSO atá ar fáil agus na costais a bhaineann leis an ngréasán iompartha poiblí a oibriú.

Ní leor na laghduithe sin astu féin, áfach, chun deireadh a chur go hiomlán leis na heasnaimh de bharr na gconarthaí agus, dá bhrí sin, tá an Grúpa i mbun rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara go léir chun réiteach inbhuanaithe don todhchaí a aithint.

**Mike Flannery**
*Príomhoifigeach Oibriúcháin*

# Fás ar líon na gcustaiméirí

**300,000 aistear sa bhreis.**

**Fás leanúnach ar sheirbhísí iompair scoile.**



# Athbhreithniú ar Oibríochtaí 2013

## Turais Chustaiméara

| Turais Chustaiméara | 2013 m | 2012 m | Athrú m |
|---|---|---|---|
| Iarnród Éireann | 36.7 | 36.7 | – |
| Bus Átha Cliath | 114.4 | 115.2 | (0.8) |
| Bus Éireann | 37.2 | 36.8 | 0.4 |
| **Iomlán na dTuras Paisinéara** | **188.3** | **188.7** | **(0.4)** |
| Iompar na Scoileanna | 41.1 | 40.4 | 0.7 |
| **Iomlán na dTuras Paisinéara** | **229.4** | **229.1** | **0.3** |

Bhí feabhas beag ar líon iomlán na bpaisinéirí don Ghrúpa ó 229.1 milliún turas in 2012 go 229.4 milliún turas in 2013. De réir na cuideachta oibríche, d'fhéadfaí achoimre a dhéanamh ar an treocht mar seo a leanas:

1. Tá líon na dturas de chuid Iarnród Éireann cobhsaithe tar éis laghduithe bliain ar bhliain ó 2008 i leith.
2. Bhí drochthionchar ag stad oibre trí lá i mí Lúnasa ar líon na dturas a rinne Bus Átha Cliath. D'fhág críoch mhaith leis an mbliain gur beag nár bhain líon na dturas amach leibhéil na bliana 2012, áfach.
3. Bhí fás beag ach fás seasta le sonrú ar líon na dturas a rinne Bus Éireann mar thoradh ar an bhfeabhas sa gheilleagar i gcoitinne in ainneoin an drochthionchair a bhí ag stad oibre dhá lá le linn na Bealtaine.

## Rannpháirtíocht le Custaiméirí

I measc na dtionscnamh a soláthraíodh in 2013 chun feabhas a chur ar thaithí na gcustaiméirí, áirítear na tionscnaimh seo a leanas:

- Tionscadal an Ghréasáin Dhírigh a chur i gcrích go rathúil i mBus Átha Cliath.
- An clár "Tús Áite do Chustaiméirí" a sheol Iarnród Éireann.
- Córas Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) a chur i bhfeidhm go hiomlán i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge.
- Wi-Fi a chur i bhfeidhm – tá Wi-Fi cumasaithe anois ar os cionn 2/3 de bhusanna Bhus Átha Cliath, ar thraenacha Iarnród Éireann ar fad, agus ar bhusanna Expressway.
- Úsáid mhéadaithe a bhaint as Cártaí Leap, agus tá sé beartaithe an córas a chur i bhfeidhm i gCorcaigh agus i nGaillimh le linn 2014.
- An Feidhmchlár Pleanála Turas Náisiúnta a thabhairt isteach i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.

## CIÉ Tours

| | 2013 €m | 2012 €m | Athrú €m |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó Thurais | 67.9 | 50.1 | 17.8 |
| Barrachas oibriúcháin | 3.6 | 2.7 | 0.9 |

Tar éis feidhmíochtaí láidre in 2011 agus in 2012, ba í 2013 an bhliain ba rathúla riamh ag CIÉ Tours. Tháinig méadú €17.8 milliún nó 36% ar an ioncam go dtí €67.9 milliún, agus tháinig méadú 17% ar líon na bpaisinéirí go dtí 49,400. Baineadh amach fás láidir i ngach aon chineál táirge, go háirithe turais ar chóiste sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn araon. Bhí méadú 50% ar dhíolachán sa réimse sin i gcomparáid le 2012.


Chuir roinnt tosca éagsúla leis an bhfás mór sin in 2013, amhail "An Tionól", tionscnamh a ndearna Fáilte Éireann poiblíocht mhór air sna Stáit Aontaithe atá ar phríomh-mhargadh na cuideachta, agus an rath a bhí ar na Cluichí Oilimpeacha a reáchtáladh sa Ríocht Aontaithe in 2012 trínar léiríodh íomhá an-dearfach den Ríocht Aontaithe.

I dteannta na nithe thuas, chuir méadú 26% ar eitiltí isteach go hÉirinn feabhas mór ar an líon eitiltí agus ar phraghas na n-eitiltí idir na Stáit Aontaithe agus Éire.

Tháinig feabhas ar mhuinín tomhaltóirí mar gheall ar na dálaí eacnamaíocha sna Stáit Aontaithe, rud a chuir leis an bhfás ar an taisteal amach ó na Stáit Aontaithe.

Gineadh barrachas oibriúcháin foriomlán €3.6 milliún i rith 2013. Leanann an chuideachta de tháirgí nua a thabhairt isteach ar an margadh in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe araon. Cuirfidh na táirgí sin lena sciar den mhargadh agus cuirfidh siad ar chumas na cuideachta an áit atá aici mar an tionscnóir turas is mó a chuireann turais ó na Stáit Aontaithe go hÉirinn ar fáil.

## Réadmhaoin an Ghrúpa agus Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)




## Réadmhaoin

Cuimsíodh le hioncam a bhaineann le réadmhaoin glan-ioncam €8 milliún ó chíos in 2013 (2012 – €11.6 milliún) agus gineadh ioncam €2.8 milliún ó dhiúscairt na sócmhainní neamhoibriúcháin in 2013, ar bhain €1.6 milliún de le diúscairtí réadmhaoine (2012 – €21.1 milliún).

Baineann an laghdú ar ghlan-ioncam ó chíos i gcomparáid le figiúr 2012 le meascán de na nithe seo a leanas i bpáirt:

1. Díolachán Bhloic C1-C5 de Dhuga Spencer a mbíodh ioncam €2 mhilliún sa bhliain ó chíos á fháil orthu.
2. Áiríodh le 2012 sochar ar ghlanadh a bhain le blianta roimhe sin.

Bhí feidhmíocht na coda eile den phunann réadmhaoine ar cíos ar aon dul le feidhmíocht na bliana 2012.

Tá comharthaí sóirt an téarnaimh le sonrú ar an margadh forbartha réadmhaoine tráchtála agus beidh athbhreithniú á dhéanamh againn ar ár bpunann réadmhaoine sa chomhthéacs sin. Díreofar go háirithe ar Stáisiún Uí Chonghaile agus Stáisiún Heuston, Sráid an tSirriam, Sráid na Mainistreach, Sráid na Teamhrach, agus an Fhaiche Mhór i nGaillimh.


Leanann Réadmhaoin Ghrúpa de sheirbhísí gairmiúla a sholáthar do thionscadail éagsúla bonneagair de chuid Iarnród Éireann.

## Líonra Fógraíochta Comaitéirí (CAN)

Bliain dheacair eile do CAN a bhí in 2013 ach, mar sin féin, bhí cobhsúchán áirithe le sonrú i dtreo dheireadh na bliana. Léirítear é sin sna figiúirí ioncaim ó CAN in 2013 a bhí ar aon dul le hioncam 2012. Thaifead an gnólacht glanbhrabús don bhliain.

Léirítear leis na treochtaí reatha maidir le fógraíocht faoin aer go bhfuil muinín ag filleadh ar an margadh fógraíochta faoin aer, agus go bhfuil cúis bheag dóchais ann go bhfillfear ar an bhfás in 2014.

Bronnadh conradh nua ar Exterion Media tar éis próiseas tairisceana in 2013. Tháinig an conradh nua i bhfeidhm in Eanáir 2014. Tá sé ina choinníoll den chonradh go ndéanfar infheistíocht shuntasach san eastát fógraíochta i rith 2014, rud a fhágfaidh go mbeidh ar chumas CAN tairbhe a bhaint as téarnamh ar bith sa mhargadh.




# 2008-2013

**Tá tionchar na gciorruithe PSO ar líon, caighdeán agus minicíocht na seirbhísí laghdaithe ag CIÉ an oiread agus is féidir.**

# Iarnród Éireann

## Foriomlán


Tá Iarnród Éireann ag leanúint de dhíriú ar ár ngréasán forleathan seirbhísí a sheachadadh dár gcustaiméirí, tráth a bhfuil ar an gcuideachta aghaidh a thabhairt ar staid airgeadais atá thar a bheith dúshlánach.

D'éirigh leis an gcuideachta na nithe seo a leanas a bhaint amach in 2013 i gcomparáid le 2012:

- Costas a laghdú le €25 milliún ar bhonn iontamhla, gan coigilteas aonuaire 2012 á chur san áireamh.
- Méadú 500,000 ciliméadar traenach a chur le líon na gciliméadar traenach a oibríodh.
- Na seirbhísí méadaithe sin a sheachadadh in ainneoin laghdú €8.7 milliún ar íocaíochtaí oibleagáide seirbhíse poiblí (PSO).
- Na seirbhísí méadaithe sin a sheachadadh le laghdú 261, nó laghdú 6.4%, ar líon na mball foirne, an líon ab ísle foirne a bhí againn riamh.
- Leanamar orainn d'fheidhmiú go sábháilte agus de spriocanna PSO maidir le poncúlacht a bhaint amach ar gach bealach.
- Líon na bpaisinéirí a choinneáil, agus méadú 4% a bhaint amach ar an tonnáiste lastais.
- Méadú €8.3 milliún nó 4.4% ar ioncam a bhaint amach thar gach oibríocht.
- Méadú €2.1 milliún ar bharrachas Europort Ros Láir a bhaint amach, le méadú 4.5% ar na haonaid lastais.

Trí na héachtaí thuas a bhaint amach, leanadh d'fheidhmiú ar bhonn níos éifeachtúla agus de sheirbhísí poiblí a chosaint ag an am céanna. Tá an treocht sin bainte amach go comhsheasmhach ag Iarnród Éireann ó thús na géarchéime geilleagraí. Ó 2008 i leith, in ainneoin laghdú beagnach 30% ar mhaoiniú PSO, leanamar orainn d'fhormhór mór na seirbhísí a sheachadadh agus tá laghdú 16.6% bainte amach againn ar ár gcostas oibriúcháin in aghaidh an chiliméadair traenach, agus tháinig laghdú 33% ar ioncam PSO in aghaidh an chiliméadair traenach.

**Seirbhísí arna gcothabháil in ainneoin Laghdú ar Ioncam PSO v Ciliméadair Traenach Paisinéirí**





** Fuarthas íocaíocht aonuaire PSO €30.6 milliún in 2012*

## Gluaiseacht ó 2008 go 2013


| | | | |
|---|---|---|---|
| Ioncam | ✘ | (€26.4m) | -11.9% |
| PSO | ✘ | (€54.2m) | -29.9% |
| Costais Oibriúcháin | ✔ | (€73.1m) | -17.3% |
| Costas traenach in aghaidh an chiliméadair | ✔ | (€5.2) | -21% |

**Ioncam Iomlán (€m)***




** Áirítear le hioncam ioncam ó Phaisinéirí, Lastas, Carrchlóis, Europort Ros Láir, agus Réadmhaoin*

**Costais Oibriúcháin (€m)**



## Airgeadais

Leanfaimid orainn ag saothrú chun ár mbonn costais a laghdú – lena n-áirítear laghduithe a bhfuil géarghá leo a bhaint amach ar an bpárolla a luaithe is féidir in 2014 – agus chun ár ngnó agus ár n-ioncam a mhéadú d'fhonn ár gcuspóirí airgeadais a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna dochta agus cúnaint dhochta atá ina gcoinníoll leis na saoráidí baincéireachta athnuaite do Ghrúpa CIÉ.

Tá dúshláin mhóra romhainn i gcónaí mar sin féin, agus ní mór an cistiú don ghréasán reatha, an cistiú do na leibhéil reatha seirbhíse, agus an cistiú do riachtanais chothabhála na bhflíteanna a chur ar bhonn inbhuanaithe. Ní féidir é sin a bhaint amach gan tacaíocht ónár bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear an Rialtas, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Cuimsítear leis sin riachtanais i leith infheistíocht chaipitiúil, cistiú reatha PSO agus cinntí maidir le rialáil táillí – lena n-áirítear comhaontú ar chonradh ilbhliantúil maidir le gnó an Bhainisteora Bonneagair – rud atá fíor-riachtanach le haghaidh thodhchaí ár ngréasáin iarnróid mar atá inniu ann.

## Comhlíonadh Rialacháin an AE: Atheagrú Iarnród Éireann


Sa bhliain seo a chuaigh thart, chuir Iarnród Éireann an t-atheagrú inmheánach i bhfeidhm go rathúil. Bhí an t-atheagrú sin riachtanach faoi rialacháin an AE lena rialaítear an tionscal iarnróid, agus bhí maolú ar na rialacháin sin i bhfeidhm i gcás na hÉireann roimhe sin. Cuimsítear faoin atheagrú sin eagraíochtaí a bhunú laistigh d'Iarnród Éireann ar a dtugtar Gnóthas Iarnróid (oibríochtaí) agus Bainisteoir Bonneagair.

Ina theannta sin, sheol an chuideachta an clár "Tús Áite do Chustaiméirí". Mar thoradh ar an gclár sin, tiocfaidh athrú ó bhonn ar an gcaoi ina mbímid ag feidhmiú tríd an gcustaiméir a chur ag croílár ár n-oibríochtaí.

## Gnóthas Iarnróid – seirbhísí do phaisinéirí

Tháinig méadú ar an ioncam ón ngréasán Idirchathrach, ón ngréasán Comaitéireachta agus ón ngréasán DART i rith na bliana, agus bhí méadú ar líon na bpaisinéirí ar thraenacha Comaitéireachta agus DART araon. Níor éirigh chomh maith céanna le líon na bpaisinéirí ar thraenacha Idirchathracha áfach, agus bhí laghdú 1% ar an líon iomlán paisinéirí. Mar sin féin, bhí athrú le sonrú sa cheathrú deiridh agus bhí fás 2% ar líon na bpaisinéirí i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2012.

Trí dhíriú ar an bponcúlacht, áirithíodh gur sáraíodh arís eile an sprioc feidhmíochta íosta ar gach bealach go mbeadh 90% de thraenacha ann in am nó laistigh de 10 nóiméad den am (DART: 87% de thraenacha laistigh de 5 nóiméad den am) faoi mar atá leagtha amach i gconarthaí PSO leis an Údarás Náisiúnta Iompair. D'éirigh linn poncúlacht 95% a bhaint amach ar fhormhór na mbealaí.




## Bainisteoir Bonneagair

Thug gnólacht an Bhainisteora Bonneagair faoi oibreacha a bhí ríthábhachtach ó thaobh cúrsaí sábháilteachta de, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Oibreacha athleagain.
- Oibreacha ar an bhfoghrád, agus cuireadh an obair athbhallastaithe agus athailínithe i gcrích.
- Athnuachan a dhéanamh ar Ladhróga agus ar Thrasbhealaí.
- Feabhsúcháin a dhéanamh ar ghearrthacha agus ar chlaífoirt, ar fhálta agus ar radhairc ar chrosairí comhréidh.
- Oibreacha athnuachana ar dhroichid.

Anuas ar infheistíocht a dhéanamh i gcúrsaí sábháilteachta, rinneadh infheistíocht bhreise €35.3 milliún san iarnród i rith 2013. I measc na dtionscadal atá faoi lánseol faoi láthair, áirítear iad seo a leanas:

- Rinneadh Céim a hAon (Mullach Íde/Binn Éadair go Cill Easra) de Thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach a choimisiúnú ar an deireadh seachtaine saoire bainc i nDeireadh Fómhair.
- Cuireadh tús le céim an deartha mhionsonraithe agus na n-oibreacha cumasaithe den acomhal iompair atá beartaithe ag Stáisiún Kent i gCorcaigh chun inrochtaineacht isteach chuig an gcathair agus amach uaithi a fheabhsú.
- Rinneadh móroibreacha deisiúcháin ar an deiceáil faoin rian ar tharbhealach na Móna Airde ar feadh 9 lá nuair a dúnadh an tarbhealach ag tús mhí na Bealtaine.




# Lastas

**Fás 4% ar an méid lastais ó 2013 i leith.**

**Spriocdhíriú á dhéanamh ar ghnó nua.**

I measc na dtionscadal atá faoi lánseol faoi láthair, áirítear scéim phíolótach maidir le Cosaint Traenacha, córas cumarsáide traenach GSM-R a shuiteáil in áit an chórais analógaigh reatha, agus tardhroichead a shuiteáil in áit an chrosaire chomhréidh ghnóthaigh, XG002, gar don Chabrach.

## Lastas Iarnróid

Áirítear iad seo a leanas i measc phríomhthráchtanna lastais na cuideachta in 2013:

- Mian since a iompar ó Mhianach na Teamhrach go Calafort Bhaile Átha Cliath.
- Adhmad a iompar ó Mhaigh Eo go dtí Muileann Laín Phort Láirge.
- Traenacha coimeádán a iompar ó Bhéal an Átha go dtí Calafort Bhaile Átha Cliath agus Calafort Phort Láirge.

Ba é €4.9 milliún an t-ioncam ó lastas iarnróid sa bhliain, agus ba méadú 2.7% é sin i gcomparáid le 2012.

Ba é 589,000 tonna an tonnáiste iomlán a iompraíodh ar an ngréasán. Méadú 4% agus 90.8 milliún ciliméadar tonna ab ea sin i gcomparáid le 2012.

Tá deiseanna á lorg go gníomhach ag an gcuideachta chun gnó an lastais iarnróid a leathnú, agus tá an chuideachta ag dul i mbun caidrimh le calafoirt, le honnmhaireoirí, agus leis an tionscal chun réitigh lastas iarnróid atá inmharthana ó thaobh tráchtála de a shainaithint.

## Europort Ros Láir

Tá Europort Ros Láir ar an dara calafort is mó a bhfuil tábhacht straitéiseach leis sa Stát tar éis Chalafort Bhaile Átha Cliath. Tá Europort Ros Láir ar an dara calafort is gnóthaí i dtéarmaí líon na mbád agus an olltonnáiste, agus bíonn líon níos mó aonaid lastais á láimhseáil ann ná mar a bhíonn i gcalafort ar bith eile in Éirinn seachas Calafort Bhaile Átha Cliath.

Tá Iarnród Éireann ina sholáthraí bonneagair agus ina oibreoir bonneagair ag Ros Láir, agus soláthraíonn an chuideachta saoráidí calafoirt agus seirbhísí gaolmhara, lena n-áirítear seirbhísí lódála agus dílódála lastais, do chuideachtaí loingseoireachta. Bíonn trí chuideachta loingseoireachta ag taisteal idir Éire agus Deisceart na Breataine Bige agus idir Éire agus an Fhrainc. Thángthas ar chomhaontú in 2013 leis an gceathrú oibreoir, LD Lines, maidir le seirbhís Ros Láir-an Fhrainc-an Spáinn, agus cuirfear tús leis an tseirbhís nua sin in 2014.

Baineadh amach barrachas €2.1 milliún in 2013 ó ioncam €9.7 milliún nár tháinig athrú ar bith air. Tháinig méadú 4.5% ar an líon aonaid lastais, agus tháinig laghdú 3.8% ar líon na bpaisinéirí.

## Luach a chur ar ár bpobal

Tá freagrachtaí ar Iarnród Éireann i leith na bpobal ar a bhfreastalaíonn sé, agus bíonn Iarnród Éireann ag idirghníomhú leis na bpobail sin mar shaoránach corparáideach.

In 2013, chuir tionscnamh tacaíochta pobail Iarnród Éireann "The Journey's on Us" ar chumas 100 grúpa ó earnáil an phobail, ón earnáil dheonach, ón earnáil charthanachta agus ó earnáil an spóirt leas a bhaint as turas saor in aisce do ghrúpa daoine ar an traein.

Chuamar i gcomhpháirtíocht le Seechange.ie le haghaidh Mhí an Ribín Uaine i mí na Bealtaine 2013. Bhí mar aidhm leis an imeacht sin feasacht ar fhadhbanna meabhairshláinte in Éirinn a mhúscailt. Ábhar mór imní is ea é sin dúinne, mar tá go leor tiománaithe dár gcuid tar éis daoine a fheiceáil ag iarraidh lámh a chur ina mbás féin, agus d'fhulaing siad ó éifeachtaí trámacha na n-eachtraí sin a fheiceáil.


Transport for Ireland
Bus Átha Cliath
Dublin Bus

# Bus Átha Cliath


## Foriomlán

Ba bhliain í 2013 inar tharla forbairt an-dearfach do Bhus Átha Cliath. Trí theaglaim bearta duaisiúla dírithe ar laghdú costais phárolla agus forchostais, mar aon le fás in ioncam, d'fhill an chuideachta ar bhrabúsacht agus leanfaidh sí léi chuig seasmhacht mharthanach airgeadais thar na blianta amach romhainn.

Tá méadú a bhfuil fáilte roimhe feicthe ar líon na bpaisinéirí i gcaitheamh na bliana mar thoradh ar chur i bhfeidhm rathúil thionscadal an Ghréasáin Dhírigh. Bhí borradh láidir sna huimhreacha idir Deireadh Fómhair agus Mí na Nollag nuair a d'iompair an chuideachta 400,000 custaiméir sa bhreis i gcomparáid le 2012.

Feidhmíonn Bus Átha Cliath flít anois a bhfuil rochtain ísealurláir sna busanna uilig, rud a chiallaíonn go bhfuilimid ar cheann den aon phéire chuideachta bus amháin ar fud na hEorpa a chuireann an tsaoráid seo ar fáil.

Tá móréileamh leantach ar Fhaisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) i measc custaiméirí, le nach mór 400,000 íoslódáil den aip fóin cliste de chuid Bhus Átha Cliath ag tarlú i rith na bliana seo amháin.




Ní amháin gur chinntigh ár sealbhú 160 bhus athsholáthair idir 2012 agus 2013 go n-oibríonn Bus Átha Cliath seirbhís le rochtain iomlán ísealurláir, ach lig sé dúinn freisin tús a chur le tabhairt isteach a dhéanamh ar chóras closamhairc don chéad stop eile ar fud an flít, mar aon le tabhairt isteach córais chomharthaíochta ar bord don chéad stop eile.

In 2013 freisin chonacthas breisiú ar fheidhmiú céimneach sheirbhís Wi-Fi ar fud flít Bhus Átha Cliath, le níos mó ná dhá thrian den fhlít cumasaithe do Wi-Fi anois. Bhí éileamh mór ar an gCárta Leap i rith na bliana, le breis agus 232,000 turas déanta, ar an meán, in aghaidh na seachtaine ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath ag úsáid Cártaí Leap.

Trí theaglaim na n-imeachtaí thuas i gcaitheamh na bliana, lean Bus Átha Cliath ar an misean atá acu seirbhís phoiblí éifeachtach a sholáthar, le feabhas leantach á chur ar eispéireas an chustaiméara.

## Toradh Oibriúcháin agus Staid Airgeadais 2013

In 2013, thuill Bus Átha Cliath glanbharrachas €0.5 milliún. Cuirtear é seo i gcomparáid leis an easnamh €3.8 milliún in 2012, lena n-áirítear fóirdheontas breise €5.3 milliún a íocadh chun dul i ngleic le fadhbanna leachtachta de chuid Ghrúpa CIÉ.

I measc eochairghnéithe na dtorthaí airgeadais, tá fás €13.1 milliún ar ioncam agus laghduithe breise €4.7 milliún ar chostas. Trí teaglaim fás ioncaim agus bearta duaisiúla dírithe ar laghdú costais phárolla agus forchostais, tá an chuideachta tar éis filleadh ar bhrabúsacht in 2013 agus leanfaidh sí ar aghaidh chuig seasmhacht mharthanach airgeadais thar na blianta amach romhainn.

D'fhás an t-ioncam iomlán faoi €13.1 milliún (6.9%) ó €191.1 milliún go €204.1 milliún. Chuir ardú táillí a cuireadh i bhfeidhm le linn na tréimhse ó Nollaig 2012/Eanáir 2013 leis an bhfás in ioncam. Cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) ardú foriomlán meánach 8% i dtáillí, agus méadaíodh an lascaine ar úsáid an Charta Leap go 14%.




## 400,000

**400,000 cóip íoslódáilte d'aip 'Dublin Bus'.**

Aontaíodh clár laghdaithe costais, an tríú ceann thar tréimhse cúig bliana, leis an bhfoireann oibre i Samhain 2013. Cuimsíonn an socrú seo raon leathan bearta laghdaithe costais lena n-áirítear athruithe suntasacha i modhanna oibre, laghduithe sa bhfoireann oibre agus laghduithe in ardrátaí párolla. Áirítear sa socrú go gcuirfear dáta foirceanta ar fáil i leith roinnt de na bearta.

Fuair Bus Átha Cliath íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) €64.5 milliún in 2013; laghdú €10.2 milliún a bhí ansin i gcomparáid le 2012 (san áireamh sin bhí fáltas aonuaire fhoirdheontais bhreise €5.4 milliún). D'ainneoinn go bhfuarthas íocaíocht níos ísle, laghdaíodh an sprioceasnamh a tharla ar an gconradh PSO ó €6 milliún in 2012 go €2.2 milliún in 2013, é seo bainte amach don chuid is mó trí mhéadú ar ioncam ó phaisinéirí. Fadhb mhór don chuideachta is ea an laghdú ar íocaíochtaí PSO.

Tá sé ríthábhachtach go leanfaí den bhrabúsacht tar éis fóirdheontas a fháil d'fhonn na cuspóirí ríthábhachtacha seo a leanas a bhaint amach:

- Cobhsaíocht airgeadais a bhaint amach do Bhus Átha Cliath.
- Airgead tirim a ghiniúint le haghaidh infheistíocht ríthábhachtach.
- Slándáil a chur ar fáil i leith soláthar seirbhísí iompair.
- Inbhuanaitheacht fostaíochta.

Network Direct



# Ár nDaoine

**An fhoireann a chumasú.**
**Athrú a sheachadadh.**
**Díriú ar chustaiméirí.**

# Bus Éireann

## Foriomlán

Bhí dúshláin shuntasacha os comhair Bhus Éireann i rith 2013, ach d'éirigh leis an gcuideachta gnéithe ríthábhachtacha dá phlean chun filleadh ar bhrabúsacht ar bhonn inbhuanaithe a chur i bhfeidhm. Tá ár mbonn costais ailínithe níos fearr anois chun freastal ar riachtanais ár ngnó. Bíodh is go bhfuil athruithe á ndéanamh ar an ngnólacht i gcónaí, is fearr agus is tarraingtí i bhfad na hionchais fhadtéarmacha do chustaiméirí in Éirinn anois i dtéarmaí luacha, áisiúlachta, compoird, agus iontaofachta, ar féidir iad sin ar fad a sheachadadh ar bhonn inbhuanaithe.

## Príomh-Fhigiúirí Airgeadais agus Oibriúcháin

### Ag Croílár do Phobail

**Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2013**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ioncam Oibriúcháin**<br>**€289.93m 2013**<br>€286.33m 2012 | **Ioncam Iomlán**<br>**€324.30m 2013**<br>€323.21m 2012 | **EBITDA**<br>**€6.9m 2013**<br>(€0.22m) 2012 | **Líon na dTuras Custaiméara**<br>**78.27m 2013**<br>77.17m 2012 |
| **Líon na bhFostaithe**<br>**2,486 2013**<br>2,551 2012 | **Párolla agus Costais Ghaolmhara**<br>**€124.92m 2013**<br>€131.79m 2012 | **Ciliméadair Feithiclí lena n-áirítear Conraitheoirí**<br>**169.43m 2013**<br>172.45m 2012 | **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain**<br>**€0.4m 2013**<br>(€6.2m) 2012 |
| **Ranníocaíocht leis an Státchiste i gCánacha**<br>**€51.96m 2013**<br>€53.70m 2012 | **Scoileanna ar freastalaíodh orthu go náisiúnta**<br>**Tuairim is 3,000** | **Líon Leanaí arna iompar go laethúil ar Sheirbhísí Scoile**<br>**114,000** | **Líon Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu arna iompar**<br>**9,000** |




# Iompar Scoile

**114,000 leanbh scoile á iompar gach lá.**

**3,000 scoil.**

**Seirbhísí náisiúnta don phobal.**

## Buaicphointí 2013

### Cobhsaíocht airgeadais níos fearr bainte amach thar gach aonad gnó

- Méaduithe €4 mhilliún (4.2%) ar ioncam sa bhunghnó iompair paisinéirí ar bhóthar.
- Laghduithe €7 milliún (5%) ar an bpárolla tar éis comhaontú a chur i gcrích le baill foirne.
- Laghdú suntasach ar an gcaillteanas ar Expressway in 2013 i gcomparáid le 2012.
- Tá de chumas anois ag an gcóras Expressway filleadh ar an mbrabúsacht in 2014.

### Éileamh breise ó chustaiméirí

- Méadú 1 mhilliún ar an líon iomlán aistear paisinéirí.

### Eispéireas feabhsaithe do chustaiméirí

- Léiríodh i suirbhéanna neamhspleácha go raibh leibhéal ard sásaimh i measc chustaiméirí Bhus Éireann i gcónaí, agus dúirt os cionn 90% dár gcustaiméirí go molfaidís Bus Éireann do chara leo.
- Chomhlíon Bus Éireann na cuspóirí dochta feidhmíochta atá leagtha amach ag an Údarás Náisiúnta Iompair sa Chonradh Iompair Phoiblí.
- Chuireamar Wi-Fi saor in aisce i bhfeidhm go rathúil i ngach ceann dár stáisiúin bus agus chuireamar Wi-Fi saor in aisce i bhfeidhm ar gach bus lasmuigh de fhlít na mbusanna scoile.

### Úsáid na Teicneolaíochta Cliste chun córas iompair phoiblí nua-aimseartha a sheachadadh


- An Cárta Leap a thabhairt isteach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.
- I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chuireamar feabhas ar an ngréasán i gcathracha lena n-áirítear Luimneach, Corcaigh agus Port Láirge.
- I gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, tá Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí i bhfeidhm i 4 cinn de na cathracha cúige agus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.


### Scoileanna

- Beagnach 4,000 feithicil ar 6,000 bealach, ag freastal ar thart ar 3,000 scoil ar fud na tíre.

## Athbhreithniú Airgeadais

Tá barrachas €0.4 milliún á thuairisciú ag Bus Éireann don bhliain 2013 i gcomparáid le heasnamh €6.2 milliún in 2012. Bhí an filleadh ar an mbrabúsacht ina chloch mhíle ríthábhachtach don chuideachta, agus bunaíodh leis sin an creatlach chun na torthaí airgeadais a sheachadadh atá riachtanach chun cistí a chur ar fáil d'infheistíocht amach anseo. Ba é €289.9 milliún an t-ioncam oibriúcháin le haghaidh 2013, méadú ar €286.3 in 2012.




B'éigean don chuideachta laghduithe breise ar ioncam PSO in 2013 a iompar, agus bhí easnamh €1.7 milliún ar sheirbhísí PSO don bhliain mar thoradh air sin. Tá an t-ioncam PSO i bhfad níos ísle anois ná an leibhéal is gá chun iomlán na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh PSO a sheachadadh. Dá bhrí sin, tá easnamh carnach os cionn €4.3 milliún ag an gcuideachta maidir le seirbhísí PSO in 2012 agus in 2013.

Tá ceanglas ar Bhus Éireann cuspóirí dochta feidhmíochta atá leagtha amach ag an Údarás Náisiúnta Iompair sa Chonradh Iompair Phoiblí a chomhlíonadh. Áirítear leis sin spriocanna a chomhlíonadh i réimsí amhail poncúlacht, seachadadh seirbhísí do chustaiméirí, agus iontaofacht seirbhísí. In 2013, d'éirigh le Bus Éireann gach sprioc a bhaint amach, agus sáraíodh an sprioc feidhmíochta riachtanach i réimsí áirithe amhail poncúlacht agus iontaofacht seirbhísí.

- Laghdú €15 mhilliún nó 30% ar an ioncam PSO idir 2009 agus 2013.
- I rith na tréimhse sin, tá iarracht déanta ag Bus Éireann an Gréasán PSO a chothabháil i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair trí athbhreithnithe a dhéanamh ar bhealaí, trí ioncam a ghiniúint agus trí éifeachtúlachtaí costais a chur i bhfeidhm.

Áiríodh le pleananna airgeadais na cuideachta le haghaidh 2013 gníomhartha deacra ríthábhachtacha a chur i bhfeidhm atá deartha chun aghaidh a thabhairt ar an staid airgeadais criticiúil. Comhaontaíodh plean mionsonraithe dúshlánach ionas go bhfillfeadh an chuideachta ar an mbrabúsacht faoi dheireadh na bliana agus chun na Glansócmhainní a athshlánú go leibhéal 57% den Scairchaipiteal Glaoite. Rinne Bus Éireann na spriocanna sin a chomhlíonadh agus a shárú, agus rinneadh na glansócmhainní a athshlánú go dtí €17.2 milliún nó 59% den Scairchaipiteal Glaoite.



I measc na mbeart a ghlac Bus Éireann chun dul i ngleic leis an staid chriticiúil airgeadais in 2013, áirítear iad seo a leanas:

- Giniúint ioncaim ar an ngréasán PSO agus ar an ngréasán Expressway araon trí mheascán de bheartas i leith táillí agus de mhéadú ar líon na gcustaiméirí;
- Athbhreithniú leanúnach ar an ngréasán Expressway chun an t-easnamh a laghdú agus ionas go bhfillfidh an córas Expressway ar an mbrabúsacht faoi 2014;
- Athruithe riachtanacha ar théarmaí agus ar choinníollacha a thabhairt isteach chun costais phárolla a laghdú agus chun an bonn costais a athailíniú le leibhéal níos inbhuanaithe; agus
- Coigilteas leanúnacha ar chostais neamh-phárolla trí raon beart maidir le héifeachtúlacht costais.

## Pobail a Cheangal le chéile

Tá 2,486 duine fostaithe ag an gcuideachta i 17 láthair ar fud na tíre agus bíonn an chuideachta ag ceannach earraí agus seirbhísí ó thart ar 1,118 soláthraí, rud a fhágann go gcuireann an chuideachta go mór le geilleagar na bpobal áitiúil.

## Scéim Taxsaver

Tá rath ollmhór ar an scéim Taxsaver, agus cheannaigh os cionn 920 cuideachta ticéid Taxsaver Bhus Éireann in 2013, suas ó 840 in 2012.

## Iompar Scoile

Tá traidisiún fada bródúil ag Bus Éireann d'iompar scoile a sholáthar in Éirinn ó 1967 i leith. Déantar tuairim is 114,000 dalta bunscoile, dalta meánscoile, agus daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu a iompar gach lá scoile ar bheagnach 4,000 feithicil agus ar 6,000 bealach. Freastalaítear ar isteach is amach ar 3,000 scoil ar fud na tíre faoin Scéim Iompair Scoile. Áirítear leo sin tuairim is 9,000 leanbh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is í sábháilteacht na bpáistí scoile atá ag taisteal ar bord ár seirbhísí iompair scoile ár bpríomh-thosaíocht. In 2013, lean Bus Éireann de bheith ag obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna chun bearta sábhála costais arbh fhiú €17 milliún iad a sheachadadh sa réimse Iompair Scoile ó 2011 i leith.

## Sábháilteacht agus Cáilíocht

Tá cúrsaí sábháilteachta agus cáilíochta ina bpríomhthosaíocht don Chuideachta. In 2013, rinne an Cumann Iompair Lastais (FTA) iniúchadh iomlán ar ár n-inniúlacht mar oibreoir iompair paisinéirí atá sábháilte agus inbhuanaithe. Rinneadh iniúchadh ar phríomhréimsí ár gcórais iompair, lena n-áirítear bainistiú tuirse tiománaithe, ródacmhainneacht na bhfeithiclí, inniúlacht na dtiománaithe srl.


HOTEL
CIE TOURS
International

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh sa Ghrúpa in 2013

Áirítear iad seo a leanas le hídiú fuinnimh an Ghrúpa:

- Ola dhíosail chun flíteanna busanna Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, traenacha Idirchathracha Iarnród Éireann, agus na Traenacha Díosail Ilaonad a fheidhmiú.
- Leictreachas chun freastal ar sheirbhís DART de chuid Iarnród Éireann, crosairí comhréidh uathoibríocha, stáisiúin traenach agus bus, seomraí trealaimh, ceardlanna agus riachtanais ghinearálta oifige .
- Úsáidtear gás nádúrtha agus ola téimh le haghaidh oifigí agus ceardlanna a théamh.

Tá próifíl úsáide 2012/2013 léirithe sa tábla thíos.

| Próifíl ídithe fuinnimh an Ghrúpa | MWh 2013 | MWh 2012 |
|---|---|---|
| Ola dhíosail don tarraingt | 916,037 | 1,031,937 |
| Leictreachas don tarraingt | 21,200 | 23,900 |
| Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile | 48,708 | 48,978 |
| Gás | 25,469 | 23,044 |
| Ola don téamh | 665 | 889 |

## Bearta a glacadh chun Costais Fuinnimh a laghdú

Rinneadh coigilteas ar fud an Ghrúpa in 2013 maidir le costais fuinnimh, agus áirítear leo sin:

## Comhshaol

**Iompar inbhuanaithe.**
**Éifeachtúlacht breosla.**
**Tionscnaimh éiceolaíocha.**

## Iarnród Éireann

### Gníomhartha Déanta in 2013

Lean Iarnród Éireann dá chuid oibre ar roinnt leibhéal in 2013:

- Athrú mór ar chumraíocht traenacha chun an acmhainneacht a chur in oiriúint don éileamh agus na seirbhísí á gcothabháil.
- Táthar tar éis achair uathmhúchta a ghiorrú.
- cuireadh i bhfeidhm múchadh láimhe de na hinnill féinghluaiste.
- Tugadh isteach mionathruithe ar na bogearraí rialála tarraingthe ar 50% de thraenacha DART. Tá na traenacha eile le mionathrú in 2014.
- Forbraíodh clár tástála le haghaidh breiseán breosla catalaíoch chun feabhas a chur ar an ídiú breosla agus é mar aidhm leis coigilteas bliantúil 25,000 MWh a bhaint amach.

### Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2014

In 2014 tá sé ar intinn Iarnród Éireann breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

**Tarraingt**

Mionathruithe ar Bhogearraí Rialála Tarraingthe ar thraenacha DART a chur i gcrích

- Déanfar an clár tástála le haghaidh breiseán breosla a chur i bhfeidhm agus a chur i gcrích.
- Tá staidéar féidearthachta beartaithe chun innill níos lú agus níos éifeachtaí ina bhfuil córas múchta uathoibríoch a chur in ionad na sean-inneall dhá bhuille.

**Ídiú Fuinnimh i bhFoirgnimh**

- Laghdú sa réimse seo a chur chun cinn trí spriocanna a leagan amach agus trí rialuithe.

## Bus Átha Cliath

### Gníomhartha Déanta in 2013

In 2013 thug Bus Átha Cliath faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Braiteoirí PIR in iostaí.
- Athbhreithniú ar chórais chomhbhrúite aeir.
- Monatóireacht flít ar bhreosla de réir bealaigh
- Ceannach feithiclí nua a fheisteofar le hinnill ag caighdeán Euro 5.
- Oiliúint VigilVanguard le haghaidh tiománaithe.
- Leanúint ar aghaidh le monatóireacht fuinnimh ag gach aon áitreabh
- Leanúint leis an oiliúint sa tiomáint éiceolaíoch le haghaidh tiománaithe.
- Baint an uisce fhearthainne

Tá 6,409 MWh á spáráil in aghaidh na bliana de thoradh na mbeart seo agus bearta eile.

### Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2014

In 2014 tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Tús a chur le trialacha tiomána éiceolaíche don fhlít ina n-úsáidtear teicneolaíocht ar bord chun aiseolas a thabhairt do thiománaithe.
- Caidéil uisce a uasghrádú agus a athsholáthar le mótair éilimh ghníomhachtaithe brú.
- Braiteoirí PIR in iostaí agus i gclaiseanna ceardlainne.
- Busanna hibrideacha a thriail.
- Formhéadú na monatóireachta ar bhreosla flít de réir bealaigh
- Tús a chur le suiteáil córais bhainistíochta breosla uathoibrithe
- Ceannach feithiclí nua a fheisteofar le hinnill ag caighdeán Euro 6 d'astúcháin.
- Aithint ar thuilleadh deiseanna sábhála fuinnimh tríd na foirne bainistíochta fuinnimh áitiúla.

## Bus Éireann

### Gníomhartha Déanta in 2013

In 2013 thug Bus Éireann faoi roinnt tionscnamh a raibh sé mar aidhm leo a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Comhpháirtíocht leanúnach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun féachaint ar bhealaí chun an t-ídiú fuinnimh a laghdú ar fud na heagraíochta, agus na bealaí sin a chur i bhfeidhm.
- An clár maidir le tiomáint éiceolaíoch a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Córais teileamaitice ar bord feithicle a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.

### Gníomhartha Beartaithe don bhliain 2014

In 2014 tá sé ar intinn ag Bus Éireann breis feabhais a chur ar a fheidhmíocht fuinnimh tríd na tionscnaimh seo a leanas a chur i gcrích:

- Leanúint den chomhpháirtíocht atá curtha ar bun le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).
- An clár maidir le tiomáint éiceolaíoch a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Córais teileamaitice ar bord feithicle a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Uasghráduithe leanúnacha ar shoilsiú atá tíosach ar fhuinneamh sna garáistí.

# Fostaíocht


**Seirbhísí a chothú agus a choimeád agus laghdú á dhéanamh ar an líon foirne.**

**Laghdú 18% ó 2008 i leith.**

## Fostaíocht

Ba é meán líon na ndaoine fostaithe ag Grúpa CIÉ in 2013 ná 9,6,91 laghdú de 392 ar an mbliain 2012.

**Meánlíon na Foirne i nGrúpa CIÉ**




Tá laghdú 18% tagtha ar líon na foirne ó 2008 i leith trí mheascán de dheachmaíocht nádúrtha agus chlár téarfa dheonaigh. Tá costas an chláir téarfa dheonaigh á chistiú ó acmhainní an Ghrúpa, agus ba é an clár sin an ghné ba mhó a chuir leis an laghdú ar chostais oibriúcháin sa tréimhse sin.

## Rannpháirtíocht Foirne

Is í príomh-shócmhainn de chuid Grúpa CIÉ ná a chuid foirne. An polasaí atá ag Grúpa CIÉ ná uasmhéadú a dhéanamh ar an acmhainn sócmhainne seo trí chultúr rannpháirtíochta agus obair bhuíne a spreagadh. Spreagtar fostaithe uile le páirt a ghlacadh i reáchtáil Ghrúpa CIÉ trí pháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, meithleacha oibre agus tionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar Comhalta Oibrí ar Bhord CIÉ.

## Comhionannas Deiseanna

Leanann an Grúpa le comhionannas a chur chun cinn san ionad oibre, do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht chomhionannais, trína oifigigh comhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbhreithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le héagsúlacht eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtais agus gnáthaimh m.sh. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht sa Láthair Oibre in IBEC.

Tá CIÉ tiomanta do thacú le cuspóirí "WISE" agus do mholtaí "WISE" a leanúint. Tionscadal comhpháirtíochta sóisialta atá urraithe ag an AE is ea WISE, a bhfuil sé mar aidhm leis stádas agus rannpháirtíocht na mban in earnáil an iompair phoiblí uirbigh a neartú. Bhí CIÉ rannpháirteach go foirmiúil i staidéar WISE, agus foilsíodh moltaí in 2014 mar thoradh ar an staidéar sin.



# Rochtain do chách

**Traenacha agus busanna.**

**Stáisiúin.**

**Saoráidí do chustaiméirí.**

## Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach ann le heagraíochtaí dóibh siúd le fadhbanna maolghluaiste chun tosaíochtaí a bhunú chun feithiclí, oifigí agus stáisiúin a sholáthar.

Oibríonn Bus Átha Cliath flít anois a bhfuil rochtain ísealurláir iontu uilig, rud a chiallaíonn go bhfuilimid ar cheann den aon phéire chuideachta bus amháin ar fud na hEorpa a chuireann an tsaoráid seo ar fáil.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn CIÉ an fhreagracht atá air chun comhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 a áirithiú i ngach gné ábhartha. Ba é an beartas íocaíochta ar fud an Ghrúpa in 2013 cloí le ceanglais an rialacháin sin.

## Polasaí an tSoláthair

Tá Polasaí an tSoláthair de chuid Grúpa CIÉ i bhfeidhm chun cinntiú a dhéanamh ar chomhlíonadh Treoracha Fóntais agus Soláthair Poiblí an AE, mar aon le polasaithe an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach cuireadh na soláthairtí uile os cionn an tairsí cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iriseán an AE iad nuair a bhí amhail oiriúnach.

## Rioscaí Príomha

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí príomha do ghnóthaí i roinnt slite éagsúla lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár riosca agus déantar é a uasghrádú go féiltiúil leis na rioscaí agus pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann CIÉ, ar a shon Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath agus Bus Éireann, i mbun conarthaí malartú tráchtearra le haghaidh breosla. Tugann CIÉ faoi cheannachán tosaigh airgeadra sa chás go mheasann sé go bhfuil luach agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.



# Ag obair le chéile

**Pleanálaí Turas Náisiúnta i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair.**

**Comhpháirtí i gcur i bhfeidhm chóras na gCártaí Leap i mBaile Átha Cliath agus i gcathracha eile.**

# Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa

## Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine, a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar críoch 31ú Nollaig, 2013 luaithe anseo thíos. Ba Chomhaltaí Boird iad ar feadh na bliana iomláine seachas aon áit ina bhfuil a mhalairt léirithe.

Vivienne Jupp Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin

Kevin Bonner

P.J. Drudy

Phil Gaffney

Vincent Green **(Ceaptha an 11 Eanáir, 2013. Ar scor 30ú Samhain, 2013)*

Helen Keelan

Paul Mallee

Bill McCamley **(Athcheaptha an 1 Nollaig, 2013)*

Willie McDermott **(Ar scor an 30 Samhain, 2013)*

Aebhric McGibney

Frances Meenan

John Moloney **(Athcheaptha an 1 Nollaig, 2013)*

An tUas T. O'Connor **(Ceaptha an 1 Nollaig 2013)*

Tommy Wynne **(Ceaptha an 1 Nollaig, 2013)*

** Comhalta Oibrí*

## Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

Teileafón + 353 1 703 2008
Facs + 353 1 703 2276

# Coistí an Bhoird

## Coiste Iniúchta agus Riosca

Helen Keelan *Cathaoirleach*

P.J. Drudy

Phil Gaffney

1 fholúntas amháin

## Coiste Airgeadais

Aebhric McGibney *Cathaoirleach*

Kevin Bonner

Paul Mallee

Frances Meenan

## Coiste Luach Saothair

Phil Gaffney *Cathaoirleach*

Vivienne Jupp

Frances Meenan *(Ceaptha an 5 Meán Fómhair, 2013)*

## Coiste Sábháilteachta

Phil Gaffney *Cathaoirleach*

Frances Meenan

2 fholúntas

## Coiste Straitéise

Helen Keelan
*Cathaoirleach*
*(Ceaptha an 31 Eanáir, 2013)*

P.J. Drudy
*(Ceaptha an 31 Eanáir, 2013)*

Vivienne Jupp
*(Ceaptha an 31 Eanáir, 2013)*

# Bainistíocht an Ghrúpa

Paddy Doherty
*Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath*

Mike Flannery
*Príomhoifigeach Oibriúcháin agus*
*Príomhoifigeach Airgeadais, CIÉ*

David Franks
*Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann*

Martin Nolan
*Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann*

Brian Stack
*Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International*

# Iniúchóirí

PricewaterhouseCoopers
Uimhir a hAon Duga Spencer
Cé an Phoirt Thuaidh
Baile Átha Cliath 1

# Aturnae

Colm Costello
Teach Bridgewater
Droichead na hInse
Baile Átha Cliath 8

# Príomhbhaincéir

Banc na hÉireann
Faiche an Choláiste
Baile Átha Cliath 2

# Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann



### Vivienne Jupp *Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin*

Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar CIÉ i mí an Mheithimh 2011. Sainchomhairleoir bainistíochta is ea í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda ag Accenture. Bhí poist éagsúla Rialtais aici, lena n-áirítear Cathaoirleach ar Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus Comhalta de Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Bhíodh sí ina comhalta den Ghasra Athbhreithnithe um Luach Saothair Níos Airde san Earnáil Phoiblí agus ina Comhalta Boird de chuid Fhoras Ospíse na hÉireann freisin. Bhain sí céimeanna BComm agus MBS amach in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (UCD). In 2000, bronnadh Gradam an Alumnus den Scoth uirthi ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, UCD.



### Kevin Bonner

Ceapadh Kevin Bonner ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí an Mheithimh 2011. Bhíodh Kevin ina Ard-Rúnaí na Roinne Fiontar agus Fostaíochta agus tá sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí nó cuideachtaí san earnáil phoiblí agus phríobháideach anois m.sh. Foras na Mara, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Waterford Stanley. Is céimí de chuid Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (BA) agus de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (MScEcon) é.



### An tOllamh P.J. Drudy

Ollamh Emeritus san Eacnamaíocht, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Iar-Dhéan Sinsearach agus Iar-Sparánaí an Choláiste é an tOllamh Drudy. Bhíodh sé ag fónamh ar a lán coistí agus comhlachtaí a bhain le cúrsaí oideachais, airgeadais, pleanála agus forbartha. Ina measc siúd tá an Cumann Staidéir Réigiúnaigh (Cisteoir), Craobh na hÉireann den Chumann Staidéir Réigiúnaigh (Cathaoirleach), an Coiste Bainistíochta um Staidéar Réigiúnach, Irisleabhar an Chumainn Staidéir Réigiúnaigh (Cathaoirleach), Comhlachas Eacnamaíochta na hEorpa, Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath, Bord Choláiste na Tríonóide agus a lán Coistí eile. Ina theannta sin, bhí sé ina chomhairleoir agus ina chomhairleach do chomhlachtaí éagsúla poiblí agus deonacha. Áirítear leo sin an Coimisiún Eorpach, Roinn Comhshaoil na Breataine, Bord Iascaigh Mhara, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas agus Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath. Is iomaí leabhar agus páipéar atá curtha i gcló ag an Ollamh Drudy faoi gheilleagar na hÉireann, faoi fhorbairt uirbeach agus réigiúnach agus faoi thithíocht. Ceapadh an tOllamh Drudy ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012.



### Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 i leith. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith sé ocht mbliana is fiche leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord Crossrail i Londain agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail freisin.



### Vincent Green

Ceapadh Vincent Green ar an mBord i gcéaduair i mí Eanáir 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh Vincent i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 2000 agus oibríonn sé ó Stáisiún Heuston mar sheiceálaí ticéad. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht ar son oibrithe iarnróid ar an leibhéal áitiúil agus an leibhéal brainse leis na blianta. Chuaigh Vincent ar scor ón mBord ar an 30 Samhain, 2013.

## Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa (ar lean)



### Helen Keelan

Tá taithí shinsearach 25 bliain ar airgeadas agus ar cheannaireacht straitéiseach ag Helen Keelan, taithí a gnóthaíodh in KPMG, Ericsson agus Intel. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin ar Barclays Bank Ireland PLC, New York Life Investments International Limited, Oasis Global Investment Fund (Éire) PLC agus PM Group Limited. Soláthraíonn Helen comhairleacht faoi fhorbairt straitéise, faoin gceannaireacht agus faoin rialachas. Is meastóir í do Bhord Measúnaithe Feidhmíochta Institiúid na Stiúrthóirí.

Bhain sí amach Céim Mháistreachta sa Bhainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus céim sa tráchtáil ó Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath. Is Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn í agus is Stiúrthóir Cairte í.



### Paul Mallee

Ceapadh Paul Mallee ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann agus ina Chomhalta Boird de chuid Chóras Iompair Éireann ar an 29 Meitheamh, 2011. Tá sé ina shainchomhairleoir bainistíochta san earnáil iompair, agus oibríonn sé go hidirnáisiúnta.

Bhí poist shinsearacha aige le Etihad Airways agus le Booz & Company, ar comhairleacht straitéise domhanda í. Is Comhalta é Paul den Chartered Institute of Logistics and Transport (CILT) Ireland, agus Iar-Uachtarán air. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Ghnó Michael Smurfit do Chéimithe COBÁC é. Tá Céim Mháistreachta ag Paul sa Bhainistíocht agus Phleanáil Straitéiseach, Céim Baitsiléara Tráchtála agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre.



### Frances Meenan

Abhcóide is ea Frances Meenan a bhíonn i mbun cleachtais i réimse na fostaíochta, an dlí tráchtála agus an dlí rialála. Tá sí ina hidirghabhálaí creidiúnaithe de chuid CEDR agus ghníomhaigh sí in idirghabháil tráchtála agus fostaíochta. Tá sí ina ball d'Institiúid na nEadránaithe agus gníomhaíonn sí mar eadránaí i ndíospóidí fostaíochta. Tá comhairle curtha aici ar an gCoimisiún Eorpach i ndáil le dlí an idirdhealaithe agus foilsíodh go leor leabhar agus páipéar léi faoin dlí fostaíochta. Ceapadh ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012 í agus cuireadh oideachas uirthi in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath (B.Comm., M.B.S. agus Dip. Arb.), ag Cumann Dlí na hÉireann (tar éis cleachtadh roimhe sin mar aturnae) agus ag Óstaí an Rí.



### Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ i gcéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh Bill i mbun oibre le Bus Átha Cliath in 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí roinnt post éagsúil ina cheardchumann, SIPTU, aige lena n-áirítear ballraíocht de na coistí Réigiúnacha, Rannacha agus Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Bhí sé ina ionadaí a sheas ar son a cheardchumainn ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina bhall de Mheitheal na Roinne Dlí agus Cirt maidir le Foréigean Bus (1996). Tá a lán scríofa ag Bill faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibreoirí tram Bhaile Átha Cliath.



### Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Chuaigh Willie ag obair le Bus Átha Cliath in 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall den NBRU agus déanann sé ionadaíocht ar son oibrithe bus. Chuaigh Willie ar scor ón mBord ar an 30 Samhain, 2013.

## Comhaltaí an Bhoird agus Bainistíocht an Ghrúpa (ar lean)



### Aebhric McGibney

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2011. Tá sé ina Stiúrthóir Beartais agus Cumarsáide i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na mball. Bhí sé ina léachtóir, ina chomhairleach eacnamaíochta agus ina Eacnamaí Sinsir le IBEC roimhe seo. Tá M.Litt. (An Eacnamaíocht) aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus bhronn Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, Gradam Liosta an Déin air as a MBA in 2001.



### John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh John ag obair do Bus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta de NBRU é.



### Tom O'Connor

Ceapadh Thomas ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001.

Oibríonn Thomas mar thiománaí bus atá bunaithe i nGaráiste na Rinne. Tá sé ina bhall de Cheardchumann Náisiúnta na nOibrithe Bus agus Iarnróid [National Bus and Rail Union], tá sé ina bhall den Fheidhmeannas Náisiúnta agus d'oibrigh sé mar Rúnaí Brainse Bhaile Átha Cliath ó 2010 i leith. Bhíodh sé ag obair roimhe seo sa tionscal leictreachais agus comharthaí.



### Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ar Bhord CIÉ i gcéaduair ar an 1 Nollaig, 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Thosaigh Tommy le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

# Ráiteas Rialachais Chorparáidigh

Leagann an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit amach prionsabail an rialachais chorparáidigh a bhfuil sé de dhualgas ar Chomhlachtaí Stáit a ghlacadh. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus forálacha an Chóid Chleachtais.

## An Bord

Cuimsíonn an Bord dáréag Comhalta arna gceapadh ag an Rialtas. Tá ceathrar Comhaltaí Oibrí sa dáréag sin atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana i ndiaidh toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile go míosúil agus ar ócáidí eile faoi mar is cuí. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair ag an mBord atá coimeádta go speisialta dá athbhreithniú, lena n-áirítear faomhadh na ráitis airgeadais bhliantúla, buiséid, an plean corparáideach, gnóthú agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitiúil suntasach, coinní bainistíochta sinsearacha agus mórbheartais Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord, ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

## Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na coistí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Airgeadais (féach thíos), Coiste Sábháilteachta, Coiste Luach Saothair agus Coiste Straitéise. Tá a gcuid comhaltaí liostaithe ar leathanach 44.

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an CIR agus tá suas le ceathrar Comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin air. Tháinig an Coiste le chéile 6 huaire in 2013.

Le linn 2013 leathnaíodh Téarmaí Tagartha an Choiste ionas gur áiríodh leo freagracht as Riosca, réimse ar aistríodh é ón gCoiste Airgeadais.

Áirítear le príomhdhualgais an CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann an CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi na torthaí. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Anuas air sin, leanann an CIR air i mbun athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa trí bhualadh go tréimhsiúil le lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa agus le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa. Chomh maith leis sin, formheasann an CIR cláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí don Ghrúpa agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo.

Le linn 2013 rinne an Coiste athbhreithniú ar na Téarmaí Tagartha agus rinne sé measúnú air féin.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers, le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig, 2013 ar feadh tréimhse trí bliana, tar éis próiseas tairisceana iomaíche. Dá bhrí sin, mhol an CIR don Bhord gur cheart iad a athcheapadh go foirmiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013.

Níorbh ann do cheangaltais chonarthacha ar bith lenar cuireadh srian ar an CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a chuireann PricewaterhouseCoopers ar fáil, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamh-iniúchóireachta ar fáil don Ghrúpa in 2013, arbh ionann a luach agus €417k. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na caidrimh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an CIR go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise a dtugtar fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas an iniúchóra.

Tá rochtain iomlán, neamhshrianta ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar an CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe den CIR agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú nach bhfuil aon ábhar imní ann nár réitíodh.

## Coiste Airgeadais

Tá ceathrar Comhalta Boird ar an gCoiste Airgeadais agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige.

Aistríodh freagracht as Riosca go dtí an CIR in 2013.

Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste, bualadh leis an bPríomhoifigeach Airgeadais agus le bainistíocht shinsearach ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chláir chaipitil an Ghrúpa, an t-ord tosaíochta a thugtar do bhearta caiteachais caipitil na bhfochuideachtaí, buiséid chaipitil agus oibriúcháin bhliantúla agus beartais chistíochta, soláthair agus diúscartha an Ghrúpa.

Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá sé freagrach chomh maith as cinntiú go gceadaíonn córais faisnéise bhainistíochta an Ghrúpa do chur i bhfeidhm straitéisí airgeadais an Bhoird.

## Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ag an mBord do chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais an Ghrúpa. Níl na córais seo in ann ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt i gcoinne míráiteas nó caillteanas ábhair.

Áirítear i gcórais rialaithe iomláine an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir lena ngabhann teorainneacha údaráis i scríbhinn, leithscaradh feiliúnach dualgas agus modhanna tuairiscithe do na hardleibhéil den lucht bainistíochta, do Bhoird na bhfochuideachtaí, do choistí boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar príomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhír i gcomparáid leis an mbuiséad a formheasadh roimh ré ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithnithe..
- Bunú treoirlínte soiléire chun caiteachas caipitiúil a fhormheas agus a rialú. Áirítear leo sin ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitiúil a fhormheasann an Bord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus staidéir mhionsonraithe indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail chaipitiúla ar suntasach iad ar bhonn aonair sula bhformheasann an leibhéal oiriúnach údaráis iad (lena n-airítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcás tionscadail mhóra). Maidir le mórthionscadail chaipitiúla, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus do Bhord na fochuideachta ábhartha. Tá sé riachtanach páipéar foirmiúil socraíochta a chur i gcrích i gcomhair na dtionscadal suntasach caipitiúil uile.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, ina bhfuil stiúrthóirí agus lucht ardbhainistíochta Iarnróid Éireann, athbhreithniú míosúil ar thograí tionscadail, ar phróisis tairisceana agus mheasúnaithe arna nglacadh, agus ar dhul chun cinn maidir le mórthionscadail chaipitiúla i gcomparáid le hamchláir agus buiséid na dtionscadal.

Déanann Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa, a gclúdaíonn a ról an grúpa ar fad, athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe sin, leagann Iniúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shainaithnítear iad ina creatlach anailíse riosca. Sainítear ról agus freagrachtaí rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa i gcairt arna formheas ag an mBord. Tuairiscíonn Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa go foirmiúil don CIR.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an CIR, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chlár an iniúchta inmheánaigh (arna ullmhú tar éis a phróisis um measúnú riosca iniúchta) agus breithniú ar a chuid mórthorthaí.
- Breithniú ar mhórthorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon saincheisteanna rialaithe ábhartha a sainaithníodh mar thoradh ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas um Bhainistíocht Riosca uile-Fhiontraíochta (EWRM) i bhfeidhm chun díriú ar impleachtaí na mór-rioscaí gnó lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibriúcháin, straitéiseacha, guaise agus comhlíontachta. Sholáthródh an próiseas seo an deimhniú go n-aithneofar rioscaí ábhair agus go rachfar i mbun na ngníomhaíochtaí feiliúnaí. Tá cláir rioscaí doiciméadaithe i bhfeidhm.

## Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Cinneann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt luach saothair na gComhaltaí Boird maidir lena gcuid dualgas mar chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar Chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair chomh maith le Comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir a gconarthaí fostaíochta.

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird/ Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na gComhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh in 2013.

## Gnóthas Leantach

Tá na Comhaltaí Boird sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas. Dírítear d'aird ar Nóta 1 maidir leis sin.

Thar ceann an Bhoird

**Vivienne Jupp** *Cathaoirleach*

**Helen Keelan** *Comhalta Boird*

3 Aibreán 2014

| Comhalta Boird | Bord CIÉ | Coiste Airgeadais | Coiste Iniúchóireachta | Coiste Luach Saothair | Coiste Sábháilteachta | Coiste Straitéise |
|---|---|---|---|---|---|---|
| V. Jupp | 11/13 | | | 5/6 | | 3/3 |
| K. Bonner* | 12/13 | 9/10 | | | | |
| P.J. Drudy | 13/13 | | 5/6 | | | 3/3 |
| P. Gaffney | 12/13 | | 4/6 | 6/6 | 3/3 | |
| V. Green | 11/11 | | | | | |
| H. Keelan* | 12/13 | | 6/6 | | | 3/3 |
| P. Mallee* | 13/13 | 10/10 | | | | |
| F. Meenan | 13/13 | 10/10 | | 2/2 | 3/3 | |
| B. McCamley | 13/13 | | | | | |
| W. McDermott | 10/12 | | | | | |
| A. McGibney | 11/13 | 10/10 | | | | |
| J. Moloney | 9/13 | | | | | |
| T. O'Connor | 1/1 | | | | | |
| T. Wynne | 1/1 | | | | | |

* Ghlac an tUasal Bonner agus an tUasal McGibney páirt i gcruinniú amháin de Bhord CIÉ ar an teileafón, ghlac an tUasal Keelan páirt in dhá chruinniú de Bhord CIÉ ar an teileafón, agus ghlac an tUasal Mallee páirt i dtrí chruinniú de Bhord CIÉ ar an teileafón. Níor áiríodh iad sa chóram chun críocha an chruinnithe.

# Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Is é an tAcht Iompair, 1950, agus leasuithe arna ndéanamh ina dhiaidh sin air a chinneann freagrachtaí Chomhaltaí Bhord Chóras Iompair Éireann. Ceanglaítear leis an reachtaíocht sin ar Chomhaltaí an Bhoird a áirithiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais lena dtugtar, de réir dhlí na hÉireann agus na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, léiriú fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó ar easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar Chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a áirithiú:

- go ndéantar beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- gur breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama iad gach breithiúnas agus meastachán arna ndéanamh; agus
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Grúpa i mbun gnó.

Tá Comhaltaí an Bhoird freagrach as a áirithiú go gcoinnítear taifid chuntasaíochta chuí lena gcuirtear stádas airgeadais an Ghrúpa in iúl le cruinneas réasúnta ag am ar bith agus lena gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le ceanglais an Achta Iompair, 1950, agus le ceanglais gach rialacháin a bhforléireofar iad mar aon ní amháin leis an Acht.

Tá siad freagrach chomh maith as na céimeanna atá ar fáil dóibh a thógáil chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Is iad na bearta a ghlac an Bord le géilleadh dá oibleagáid leabhair chearta chuntas a choimeád ná córais chuí agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntais i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Is é an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986, agus dlí na gcuideachtaí is infheidhme a chinneann freagrachtaí Stiúrthóirí fhochuideachtaí an Ghrúpa.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Mar iniúchóirí arna gceapadh ag Córas Iompair Éireann faoi Alt 34 (2) den Acht Iompair, 1950, le do thoiliú, rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 lena gcuimsítear an Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite agus Clár Comhardaithe na Cuideachta, an Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite, an Ráiteas de Chaillteanais agus Gnóthachain Aitheanta Iomlána, Réiteach Gluaiseachtaí i gCúlchistí an Ghrúpa agus na Cuideachta, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus na caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn).

## Freagrachtaí na gComhaltaí Boird agus na nIniúchóirí faoi seach

Faoi mar a thugtar míniú níos cuimsithí air sa 'Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird' atá leagtha amach ar leathanach 45, is iad Comhaltaí an Bhoird atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais lena dtugtar léiriú fíor agus cothrom. Tá sé mar fhreagracht orainn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, i gcomhréir le dlí na hÉireann agus Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na roghanna sin, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus dó sin amháin i gcomhréir le hAlt 34 (2) (a) den Acht Iompair, 1950, agus chun na críche sin amháin. Ní ghlacaimid, ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dó seachas mura dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

## Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá leordhóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide é. Áirítear leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas: cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca an Ghrúpa agus na máthairchuideachta agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go leordhóthanach iad; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne Comhaltaí an Bhoird; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léamar an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun faisnéis ar bith a shainaithint ar cosúil go bhfuil sé mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuaireamar le linn dúinn an t-iniúchadh a dhéanamh, nó ar cosúil go bhfuil sé ar neamhréir leis an eolas sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

## Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is é ár dtuairim go dtugtar leis na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn ar staid ghnóthaí an Ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar chaillteanas agus ar shreafaí airgid an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.

## Tuairim ar Nithe Eile

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim gur choimeád an mháthairchuideachta leabhair chuntas chearta.
- Tá clár comhardaithe na máthairchuideachta ag teacht leis na leabhair chuntas.

## Nithe a Éilítear orainn Tuairisciú de réir Eisceachta

Níl rud ar bith le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas:

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód"), tá ceanglas orainn tuairisciú duit más rud é nach dtugtar léiriú ar chomhlíonadh alt 13.1 (iii) den Chód ag an nGrúpa sa ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód mar atá san áireamh sa Ráiteas Rialachais Chorparáidigh ar leathanach 42-44 nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ón iniúchadh a rinneamar ar na ráitis airgeadais.

**PricewaterhouseCoopers**
*Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe*
Baile Átha Cliath

3 Aibreán 2014

- Tá an Bord freagrach as cothabháil agus as sláine shuíomh gréasáin Chóras Iompair Éireann; ní dhéantar breithniú ar na hábhair sin mar chuid den obair arna déanamh ag na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí freagracht ar bith as aon athrú a d'fhéadfadh a bheith déanta ar na ráitis airgeadais ó foilsíodh iad ar an suíomh gréasáin den chéad uair.
- D'fhéadfadh difear a bheith idir an reachtaíocht lena rialaítear ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais in Éirinn agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.

# Na Príomh-Bheartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na polasaithe cuntasaíochta suntasacha agus teicnící meastacháin atá glactha ag an nGrúpa:

## (A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus de réir na reachtaíochta in Éirinn lena gcuimsítear an tAcht Iompair, 1950, agus Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013. Is ionann na caighdeáin chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn maidir le hullmhúchán ráitis airgeadais lena dtugtar léiriú fíor agus cothrom agus na caighdeáin sin arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Chuntasaíochta agus arna bhfoilsiú ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

## (B) Bunús Comhdhlúite

Is comhdhlúthú de ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a chuid fochuideachtaí iad ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Iarnród Éireann – Irish Rail.
- Bus Éireann – Irish Bus.
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus.

Caitear le CIÉ Tours International Incorporated mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann chun críche cuntasaíochta.

## (C) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí soláthartha.

## (D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas boinn ríofa an dímheasa:

### Línte agus Oibreacha Iarnróid

Cuimsíonn línte agus oibreacha iarnróid gréasán de chórais. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana, a chothaíonn an cumas oibriúcháin de réir caighdeán sainmhínithe seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontas a bhaint. Áirítear le sócmhainní inláimhsithe costais chaipitlithe fostaithe agus eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne.

Is é atá sa chostas dímheasa le haghaidh línte agus oibreacha reatha iarnróid an leibhéal measta caiteachais bhliantúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin a chothabháil, rud atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní Iarnród Éireann.

Caitear le caiteachas ar an ngréasán, lena gcuirtear lena acmhainneacht nó lena gcuirtear feabhas ar a chumas oibriúcháin, mar mhéid breise ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas agus déantar é a dhímheas thar a shaolré ionchais.

### i. Rothstoc Iarnróid

Déantar dímheas ar innill iarnróid (seachas iad sin dímeasta go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

Déantar dímheas ar ráilchairr, stoc cóiste agus vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### ii. Feithiclí Paisinéara Bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéara bóthair seachas busanna scoile thar a gcuid saolréanna fónta measta ar bhonn céatadáin laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saolta. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### iii. Feithiclí Lastais Bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta ag úsáid suim an mhodha digitigh.

### iv. Duganna, calafoirt agus céanna; innealra agus gléasra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na ranganna thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a gcuid saolréanna fónta measta.

### v. Talamh agus Foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar saolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhair na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus gur cosúil a ndiúscrófaí sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha faoi mar is cuí.

## (E) Sócmhainní ar Léas

### i. Léasanna Airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costais chaipitil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar saolré fónta measta na sócmhainne. Áirítear sciartha caipitiúla na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite thar príomh-thréimhse an léasa.

### ii. Léasanna Oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite de réir mar a thabhaítear siad.

## (F) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus páirteanna spárála ag an meánchostas is ísle agus an glanluach inréadaithe.

Díscríobhtar stoic ar eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

## (G) Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

### i. Deontas le haghaidh Línte agus Oibreacha Reatha Iarnróid

Baintear deontais a fhaightear do línte agus d'oibreacha iarnróid reatha ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas sin de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn sócmhainní seasta inláimhsithe a bheith léirithe ag costas agus dá réir deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha. Tá an t-imeacht seo ó cheanglais Achta na gCuideachtaí (Leasú), 1986 de réir tuairime an Bhoird, riachtanach chun go dtaispeánfadh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na línte agus oibreacha iarnróid seo agus dá bhrí sin níl aon bhonn dlíthiúil ann ar a bhféadfar deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha a aithint.

#### Deontais le haghaidh caiteachas caipitiúil eile

Déantar deontais do chaiteachas caipitil eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

### ii. Deontais Ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite sa bhliain ina bhfaightear iad.

### iii. Deontais Infheistíochta Sábháilteachta

Déanta deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh leis an gcuntas brabúis agus caillteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

## (H) Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra coigríche go euro ag an ráta a bhíonn ag rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhaighte clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le caillteanais nó gnóthachan malartaithe réalaithe ar idirbhearta socruithe i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó easnamh don bhliain ó ghnáth-ghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche ag na rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí airgeadra coigríche fadtéarmacha, lena n-áirítear an cion sin a bhíonn iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhordaithe, ag rátaí an mhalartaithe a bhíonn ag rialú ag dáta an chláir chomhordaithe (rátaí deiridh) agus beidh na gnóthachain nó caillteanais san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite.

## (I) Pinsin

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin sochair sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochair sainithe ar bhonn achtúire ag úsáid modh creidmheasa an aonaid réamh-mheasta. Cuirtear barrachas dhliteanais na scéime thar sócmhainní na scéime i láthair ar an gclár comhordaithe mar dhliteanas. Tá an muirear pinsin a ghearrtar ar bhrabús oibríochta comhdhéanta den costas seirbhíse reatha agus costais seirbhíse roimhe seo. Cuirtear barrachas an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime thar an costas úis ar dhliteanais scéime i láthair sa chuntas brabúis agus caillteanais mar ioncam airgeadais eile. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúire a thagann ó athruithe i dtoimhdí achtúire agus ó thaithí barrachais agus easnaimh sa ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

## (J) Costais Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, ceanglaítear ar Iarnród Éireann a áirithiú go ndéantar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus na cuntais do ghnó bainistithe an bhonneagair iarnróid a idirscaradh óna chéile. Cinntear na costais bonneagair de réir Iarscríbhinne 1.A. de Rialachán AE Uimh. 2598/70.

## (K) Comharduithe Idirchuideachtaí

Déantar idirbhearta idir CIÉ agus a fhochuideachtaí a luacháil ag an gcostas stairiúil agus a aicmiú de réir ábhar an idirbhirt, mar seo a leanas:

### i. Sócmhainn Airgeadais Fhadtéarmach

Is ionann é seo agus comhiomlán an insreafa agus eis-sreafa airgid ó:

a) Gníomhaíochtaí airgeadais idirghrúpa.

b) Fónamh a dhéanamh ar airgeadas ar ghníomhaíochtaí airgeadais idirghrúpa.

### ii. Cuntas Trádála Gearrthéarmaí

Is ionann iad seo agus comhiomlán:

a) Glanbharrachas arna ghiniúint/easnamh arna thabhú ag na fochuideachtaí sa dá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.

b) Méadú/laghdú ar chaipiteal oibre na bhfochuideachtaí sa dá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.

### iii. Dliteanas Airgeadais Fadtéarmach

Is ionann iad seo agus comhiomlán:

a) Sreabhadh airgid arna ghiniúint ó oibríochtaí na bhfochuideachtaí suas le dhá bhliain roimh dháta an chláir chomhardaithe.

b) Glan-infheistíocht i sócmhainní seasta na bhfochuideachtaí idir an dáta corpraithe agus dáta an chláir chomhardaithe.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite

| An bhliain dar críoch an 31 Nollaig | | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Ioncam ó Phaisinéirí agus Ioncam Tráchtála | | | **764,946** | 724,946 |
| Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí | | *10* | **225,933** | 278,069 |
| Deontais Eile ón Státchiste | | *10* | **15,563** | 14,710 |
| **Ioncam agus Deontais Stáit** | | *2* | **1,006,442** | 1,017,725 |
| **Costais** | | | | |
| Párolla agus costais ghaolmhara | | *4* | **(527,203)** | (521,508) |
| Ábhair agus seirbhísí | | *5* | **(420,659)** | (405,913) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | | **(947,862)** | (927,421) |
| **EBITDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) roimh muirir athstruchtúraithe agus muirir eile** | | | **58,580** | 90,304 |
| Brabús ar dhiúscairt na sócmhainní inláimhsithe | | *8* | **2,798** | 21,689 |
| Dímheas glan ar amúchadh | | *6* | **(58,978)** | (58,713) |
| **Barrachas roimh ús agus roimh chostais eisceachtúla** | | | **2,400** | 53,280 |
| Ús infhaighte | | | **1,198** | 590 |
| Ús iníoctha | – Oibriúcháin | *9* | **(4,237)** | (74) |
| | – Gnóthas Iarnróid | *9* | **(309)** | (1,810) |
| | – Lastas Iarnróid | *9* | **(5)** | (28) |
| | – Bonneagar iarnróid | *9* | **(169)** | (990) |
| Costais airgeadais eile | | *23* | **(5,278)** | (5,070) |
| **Costais Úis Iomlána** | | | **(8,800)** | (7,382) |
| **(Easnamh)/barrachas roimh chostais eisceachtúla** | | | **(6,400)** | 45,898 |
| **Costais Eisceachtúla** | | *7* | **(5,208)** | (34,230) |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain** | | | **(11,608)** | 11,668 |

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa.

Thar ceann an Bhoird

**Vivienne Jupp** *Cathaoirleach*

**Helen Keelan** *Comhalta Boird*

# Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig | | | Athshonraithe |
|---|---|---|---|
| | | 2013 | 2012 |
| | Nótaí | €000 | €000 |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | | **(11,608)** | 11,668 |
| Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | *23* | **71,219** | (351,437) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) aitheanta iomlán a bhaineann leis an mbliain | | **59,611** | (339,769) |

# Clár Comhardaithe Comhdhlúite

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *12* | **2,686,888** | 2,793,367 |
| Sócmhainní airgeadais | *13* | **20** | 20 |
| | | **2,686,908** | 2,793,387 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | *14* | **61,170** | 57,812 |
| Féichiúnaithe | *15* | **50,331** | 59,463 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | **25,814** | 11,019 |
| | | **137,315** | 128,294 |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | *16* | **(454,020)** | (515,565) |
| **Glandliteanais reatha** | | **(316,705)** | (387,271) |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **2,370,203** | 2,406,116 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | *17* | **(81,491)** | (7,250) |
| **Soláthairtí do dhliteanais agus táillí** | *19* | **(151,319)** | (165,710) |
| **Oibleagáid na sochar scoir** | *23* | **(417,745)** | (491,854) |
| **Ioncam Iarchurtha** | *20* | **(2,021,883)** | (2,103,148) |
| | | **(302,235)** | (361,846) |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | *21* | **(343,302)** | (402,913) |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | *21* | **(302,235)** | (361,846) |

Thar ceann an Bhoird

**Vivienne Jupp** *Cathaoirleach*

**Helen Keelan** *Comhalta Boird*

# Clár Comhardaithe na Cuideachta

| Amhail ag 31 Nollaig | Nótaí | 2013 €000 | Athshonraithe 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | *12* | **790,748** | 797,918 |
| Sócmhainní airgeadais | *13* | **640,684** | 641,269 |
| | | **1,431,432** | 1,439,187 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Féichiúnaithe | *15* | **107,549** | 120,762 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | | **24,355** | 8,463 |
| | | **131,904** | 129,225 |
| **Creidiúnaithe** (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin) | *16* | **(88,143)** | (108,466) |
| **Glansócmhainní reatha** | | **43,761** | 20,759 |
| **Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha** | | **1,475,193** | 1,459,946 |
| **Creidiúnaithe** (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin) | *17* | **(602,041)** | (583,181) |
| **Ioncam Iarchurtha** | *20* | **(561,028)** | (565,680) |
| | | **312,124** | 311,085 |
| **Maoinithe ag:** | | | |
| **Cúlchistí** | | | |
| Cúlchiste caipitil | | **28,556** | 28,556 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | *21* | **271,057** | 270,018 |
| Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha | | **12,511** | 12,511 |
| | *21* | **312,124** | 311,085 |

Thar ceann an Bhoird

**Vivienne Jupp** *Cathaoirleach*

**Helen Keelan** *Comhalta Boird*

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid Comhdhlúite

| An bhliain dar críoch 31 Nollaig | Nótaí | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | *22(A)* | **21,705** | 12,200 |
| **Toradh ar infheistíochtaí, fónamh a dhéanamh ar airgeadas, agus ioncam airgeadais eile** | *22(B)* | **(3,522)** | (2,312) |
| **Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais** | *22(B)* | **(33,109)** | (23,564) |
| **Eis-sreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú** | | **(14,926)** | (13,676) |
| **Maoiniú – Méadú ar fhiachas** | *22(B)* | **41,212** | 8,299 |
| **Méadú/(Laghdú) ar airgead i rith na bliana** | | **26,286** | (5,377) |
| **Imréiteach an tsreafa airgid ghlan le gluaiseacht i bhfiachas glan** | *22(C)* | | |
| Méadú/(Laghdú) ar airgead i rith na bliana | | **26,286** | (5,377) |
| Gluaiseacht airgid ó mhéadú ar fhiachas agus maoiniú léasanna | | **(41,212)** | (8,299) |
| **Athrú i bhfiachas glan mar thoradh ar shreabha airgid tirim** | | **(14,926)** | (13,676) |
| **Gluaiseacht i nglanfhiachas sa bhliain** | | **(14,926)** | (13,676) |
| Fiachas glan ag 1ú Eanáir | | **(87,901)** | (74,225) |
| **Fiachas glan ag 31ú Nollaig** | | **(102,827)** | (87,901) |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1 Gnóthas Leantach

### Cúlra

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa faoi athmhaoiniú agus faoi mhéadú na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa. Tá saoráidí tiomanta €160 milliún faighte go dtí Iúil 2016.

Tá roinnt cúnaint airgeadais ag baint leis na háiseanna nua agus chomhlíon Grúpa CIÉ iad go léir in 2013. Léirítear sa bhuiséid do 2014 agus sa phlean gnó do 2015 go bhfuil an bhainistíocht ag súil go leanfaidh Grúpa CIÉ de na spriocanna cúnaint atá leagtha amach sa chomhaontú ar an tsaoráid a chomhlíonadh.

In ainneoin gur bhliain dhúshlánach a bhí in 2013 do Ghrúpa CIÉ, chomhlíon Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ agus gach ceann de na Cuideachtaí Oibriúcháin na spriocanna buiséid a bhí leagtha amach ina mbuiséad do 2013 agus a bhí san áireamh i bplean gnó 5 bliana ar soláthraíodh é do na bainc le linn an phróisis idirbheartaíochta le haghaidh na saoráidí baincéireachta nua.

### Na hÉiginnteachtaí atá os comhair an Ghrúpa

Cé go bhfuil gach dóchas ag an lucht bainistíochta go mbainfear amach spriocanna foriomlána na gcúnant in 2014 agus in 2015, tá roinnt spriocanna dúshlánacha agus toimhdí dúshlánacha i mbuiséad na bliana 2014 agus sa phlean 5 bliana agus beidh ar an lucht bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht leanúnach a dhéanamh orthu. Glactar leis sa phlean go dtabhóidh an Grúpa easnaimh eile in 2014 agus arís in 2015 ach go mbeidh siad brabúsach in 2016 agus ina dhiaidh sin. Áirítear roinnt éiginnteachtaí i mbuiséad 2014 agus i bplean gnó 5 bliana araon, lena n-áirítear iad seo a leanas go háirithe:

1. **Ioncam**
   Tá baint amach na spriocanna maidir le fás ar ioncam atá leagtha amach i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa ag brath ar roinnt toimhdí a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla agus ar fheabhas ar aistir na bpaisinéirí. Beidh cumas an Ghrúpa na méaduithe táillí a fháil a éilítear sa phlean ag braith go príomha ar cinntí a dhéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi tháillí agus braithfidh méaduithe ar líon na n-aistear a dhéanfaidh paisinéirí ar théarnamh eacnamaíoch inbhuanaithe.

2. **Costais**
   Tá sé ríthábhachtach i gcónaí go mbainfear amach na bearta rialaithe costas, go háirithe coigilteas párolla, atá leagtha amach i bplean gnó an Ghrúpa. Is de nádúr na dtoimhdí a úsáideadh in ullmhú an phlean gnó go bhfuil siad suibiachtúil agus tá sé riachtanach go ndéanfar monatóireacht dhian ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, sa chaoi gur féidir bearta maolaithe, a bhfuil cuid acu aitheanta cheana féin ag an mbainistíocht, a chur i bhfeidhm más gá.

3. **Infheistíocht Chaipitiúil**
   Cuimsítear le plean gnó an Ghrúpa toimhdí a bhaineann le leibhéil infheistíochta caipitiúla atá riachtanach chun freastal ar na hoibleagáidí ag eascairt as an gConradh Ilbhliantúil agus as na Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí. Braitheann cumas an Ghrúpa chun an infheistíocht chaipitil atá riachtanach a mhaoiniú ar thacaíocht maoinithe a fháil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhair caiteachais caipitil. Braitheann inbhuanaitheacht fhadtéarmach an Ghrúpa ar leibhéal oiriúnach maoinithe a bheith ar fáil ón rialtais. Mura gcuirfear leibhéal oiriúnach infheistíochta caipitil ar fáil beidh tionchar aige ar fheidhmíocht oibriúcháin an Ghrúpa, beidh impleachtaí sábháilteachta i gceist agus beidh tionchar aige ar chumas an Ghrúpa freastal a dhéanamh ar a gcúnaint bhaincéireachta agus beidh tionchar aige ar acmhainn fáis an ghrúpa sa bhfadtéarma.

## 1 Going Concern (ar lean)

Tá buiséad Iarnróid Éireann don bhliain 2014 agus a phlean 5 bliana an-íogair ó thaobh na n-éiginnteachtaí thuas. Más rud é nach féidir bearta malartacha a chur i bhfeidhm chun cur i gcoinne thionchar na n-íogaireachtaí a aithníodh in Iarnród Éireann, tá an baol ann nach mbeidh Iarnród Éireann bhrabúsach i rith saolré an phlean gnó reatha 5-bliana. Ní mórán caipiteal oibre a bheidh ann agus ní mór monatóireacht leanúnach a dhéanamh air agus gníomhartha maolaithe a ghlacadh lena áirithiú nach sárófar spriocanna foriomlána cúnaint EBITDA agus lena áirithiú go mbeidh fáil ar shreabhadh airgid chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a thiocfaidh siad chun cinn.

### Bearta an Lucht Bainistíochta

Tá an Lucht Bainistíochta tar éis roinnt bearta a dhéanamh agus tá siad ag leanúint ar aghaidh leo, lena n-áirítear:

- Dlúthmhonatóireacht arna déanamh ag an lucht bainistíochta ar an staid airgeadais laethúil, sheachtainiúil agus mhíosúil ar fud an ghrúpa.
- Plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an struchtúr cistiúcháin cuí/ ar an nGlanéifeacht Airgeadais d'Iarnród Éireann, do Bhus Éireann agus do Bhus Átha Cliath.
- Tionscnaimh shábhála costais a chur i bhfeidhm agus monatóireacht ghéar a dhéanamh orthu.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur i bhfeidhm agus gníomhaíochtaí giniúna ioncaim nua a lorg.

### Litir Tacaíochta

Tá fianaise ar an tacaíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le fáil sa litir thacaíochta den 31 Márta 2014.

Tugadh le fios sa litir: "Tá an Roinn ag leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus tá sí i mbun idirphlé leis an gcuideachta faoi na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint." Bíodh is go sonraítear sa litir nach bhféadfaí glacadh le rud ar bith sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí nó dliteanais CIÉ, sonraítear an méid seo a leanas freisin: "Is é beartas an Rialtais go fóill go bhfuil ar chumas ghnólacht CIÉ freastal ar a dhliteanais i gcónaí. Is é an Stát scairshealbhóir aonair CIÉ agus féadfaidh CIÉ a dheimhniú go leanfaidh an Stát dá chearta mar scairshealbhóir a fheidhmiú lena áirithiú go ndéanfaidh CIÉ bainistíocht ar a oibríochtaí ar bhealach trína gcuirfear ar a chumas a oibleagáidí ar fad a chomhlíonadh ar bhonn tráthúil. Níor mhór cloí le dlí an AE i gcás aon ghnímh a bheadh le measúnú ag an Stát. Áirítear leis sin na rialacha maidir le státchabhair, agus d'fhéadfaí a cheangal faoi na rialacha sin go dtabharfaí eolas ar an ngníomh don Choimisiún agus go bhfaighfí faomhadh an Choimisiúin ina leith.

### Conclúid

Tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh, agus tar éis na héiginnteachtaí a bhfuil cur síos orthu thuas a bhreithniú, tá ionchas réasúnta ag Comhaltaí an Bhoird go ndéanfaidh Grúpa CIÉ de réir a bhuiséid agus a phlean 5 bliana agus na spriocanna cúnaint gaolmhara, agus gur leor na saoráidí baincéireachta reatha chun na riachtanais leanúnacha maidir le sreabhadh airgid a chistiú. Tá ionchas réasúnta acu chomh maith go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ar na cúiseanna sin, is é tuairim Chomhaltaí an Bhoird nach éiginnteacht ábhartha atá sna rioscaí a bhfuil cur síos orthu thuas lena dtarraingítear amhras ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus ar an mbonn sin leanfaidh siad orthu de bhonn an ghnóthais leantaigh a ghlacadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## 2 Brabús agus Caillteanas don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig

| | FRS 17 Comhdhlúite €000 | CIÉ €000 | Iarnród Éireann €000 | Bus Éireann €000 | Bus Átha Cliath €000 | Iomlán 2013 €000 | Iomlán 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam:** | | | | | | | |
| **Gnóthas Iarnróid** | | | 176,954 | | | **176,954** | 168,269 |
| **Roinn lastais** | | | 4,942 | | | **4,942** | 4,811 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 9,670 | | | **9,670** | 9,722 |
| **Seirbhísí iarnróid eile** | | | 3,580 | | | **3,580** | 4,014 |
| **Seirbhísí bóthair do phaisinéirí:** | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | 204,128 | **204,128** | 191,054 |
| – faighte ó CIÉ | | | | | | **0** | (1,000) |
| – cathracha cúige | | | | 26,166 | | **26,166** | 23,922 |
| – seirbhísí eile | | | | 263,769 | | **263,769** | 262,406 |
| **Turais** | | 67,917 | | | | **67,917** | 50,125 |
| **Príomh-ghníomhaíochtaí gnó** | | 7,820 | | | | **7,820** | 11,623 |
| **Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí** | | | | | | | |
| – oibriúcháin *(nóta 10)* | | | 116,268 | 34,364 | 64,540 | **215,172** | 229,908 |
| – bonneagair *(nóta 10)* | | | 26,324 | | | **26,324** | 62,871 |
| **Ioncam iomlán** | | **75,737** | **337,738** | **324,299** | **268,668** | **1,006,442** | 1,017,725 |
| **Caiteachas:** | | | | | | | |
| **Gnóthas Iarnróid:** | | | | | | | |
| Costais oibriúcháin | | | 259,787 | | | **259,787** | 250,661 |
| Costais bhonneagair | | | 79,037 | | | **79,037** | 88,303 |
| Leithdháileadh don rochtain ar rianta | | | (42,630) | | | **(42,630)** | (34,208) |
| | | | 296,194 | | | **296,194** | 304,756 |
| **Roinn lastais** | | | 6,510 | | | **6,510** | 6,143 |
| **Calafort Ros Láir** | | | 6,329 | | | **6,329** | 6,480 |
| **Seirbhísí iarnróid eile** | | | 3,348 | | | **3,348** | 2,953 |
| **Seirbhísí bóthair do phaisinéirí:** | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | 259,643 | **259,643** | 256,770 |
| – cathracha cúige | | | | 35,377 | | **35,377** | 35,690 |
| – seirbhísí eile | | | | 281,980 | | **281,980** | 287,747 |
| **Turais** | | 64,481 | | | | **64,481** | 47,425 |
| **Príomh-ghníomhaíochtaí gnó** | (8,168) | 2,168 | | | | **(6,000)** | (20,543) |
| **Caiteachas iomlán** | **(8,168)** | **66,649** | **312,381** | **317,357** | **259,643** | **947,862** | 927,421 |
| **EBITDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) roimh muirir athstruchtúraithe agus muirir eile** | **8,168** | **9,088** | **25,357** | **6,942** | **9,025** | **58,580** | 90,304 |

## 2 Brabús agus Caillteanas don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig (ar lean)

| | FRS 17 Comhdhlúite €000 | CIÉ €000 | Iarnród Éireann €000 | Bus Éireann €000 | Bus Átha Cliath €000 | Iomlán 2013 €000 | Iomlán 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **EBITDA roimh athstruchtúrú agus muirir eile de réir gníomhaíochta** | | | | | | | |
| **Gnóthas Iarnróid** | | | (119,240) | | | **(119,240)** | (136,487) |
| **Roinn lastais** | | | (1,568) | | | **(1,568)** | (1,332) |
| **Calafort Ros Láir** | | | 3,341 | | | **3,341** | 3,242 |
| **Seirbhísí iarnróid eile** | | | 232 | | | **232** | 1,061 |
| **Seirbhísí bóthair do phaisinéirí:** | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | | | | | (55,515) | **(55,515)** | (66,716) |
| – cathracha cúige | | | | (9,211) | | **(9,211)** | (11,768) |
| – seirbhísí eile | | | | (18,211) | | **(18,211)** | (25,341) |
| **Turais** | | 3,436 | | | | **3,436** | 2,700 |
| **Príomh-ghníomhaíochtaí gnó** | 8,168 | 5,652 | | | | **13,820** | 32,166 |
| **Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí** | | | 142,592 | 34,364 | 64,540 | **241,496** | 292,779 |
| **EBITDA (tuillimh roimh ús, cáin, dímheas agus amúchadh) roimh muirir athstruchtúraithe agus muirir eile** | **8,168** | **9,088** | **25,357** | **6,942** | **9,025** | **58,580** | 90,304 |
| Glan-dímheas | | (4,957) | (36,995) | (7,435) | (9,591) | **(58,978)** | (58,713) |
| Ús (iníoctha)/infhaighte | | (4,047) | (544) | 836 | 233 | **(3,522)** | (2,312) |
| Ioncam airgeadais eile *(nóta 23)* | (5,278) | | | | | **(5,278)** | (5,070) |
| Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe *(nóta 8)* | | 1,246 | 713 | 54 | 785 | **2,798** | 21,689 |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain roimh mhíreanna eisceachtúla** | **2,890** | **1,330** | **(11,469)** | **397** | **452** | **(6,400)** | 45,898 |
| Costais oibriúcháin eisceachtúla | | (291) | (4,946) | | 29 | **(5,208)** | (34,230) |
| **(Easnamh)/Barrachas don bhliain** | **2,890** | **1,039** | **(16,415)** | **397** | **481** | **(11,608)** | 11,668 |

## 3 Costais Bhonneagar Iarnróid

Faoi réir Threorach na Comhairle AE 91/440 seo a leanas mar atáthar tar éis na costais seo a ríomh:

| | 2013 €000 | 2013 €000 | 2012 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothabháil línte iarnróid agus oibreacha | | **52,761** | | 58,882 |
| Athnuachan línte iarnróid agus oibreacha | | **83,510** | | 77,276 |
| Caiteachas oibríochta (comharthaíocht) agus eile | | **26,276** | | 29,421 |
| Dímheas | | **46,950** | | 41,413 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | | **(40,752)** | | (34,765) |
| **Iomlán na gcostas bonneagair iarnróid** | | **168,745** | | 172,227 |
| Fóirdheontas bonneagair | **(18,470)** | | (55,448) | |
| Muirir Rochtana Rianta | **(42,630)** | | (34,208) | |
| Maoiniú sábháilteachta an Státchiste | **(7,854)** | | (7,423) | |
| Cistiú d'athnuachaintí *(nóta 12(a))* | **(83,510)** | | (77,276) | |
| **Cistiú iomlán don bhonneagar iarnróid** | | **(152,464)** | | (174,355) |
| **Easnamh/(Barrachas) don bhliain** | | **16,281** | | (2,128) |

## 4 Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Pá agus tuarastail | **477,713** | 491,640 |
| Costais leasa sóisialaigh | **44,531** | 45,400 |
| Costais phinsin eile | **37,680** | 21,884 |
| | **559,924** | 558,924 |
| Obair féin caipitlithe | **(33,173)** | (37,848) |
| **Glan-chostais foirne** | **526,751** | 521,076 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí Chomhaltaí an Bhoird** | | |
| – i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird | **219** | 208 |
| – i leith seirbhísí feidhmiúcháin | **233** | 224 |
| **Iomlán luach saothair agus díolaíochtaí Chomhaltaí an Bhoird** | **452** | 432 |
| **Iomlán na gcostas párolla agus na gcostas gaolmhar** | **527,203** | 521,508 |

# 4 Párolla agus Costais Ghaolmhara (ar lean)

Áirítear le luach saothair Chomhaltaí an Bhoird táillí stiúrthóra €31,500 (2012 – €31,500) a íocadh le Vivienne Jupp, Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin.

Íocadh na táillí stiúrthóra seo a leanas le Comhaltaí an Bhoird, seachas an Cathaoirleach, in 2012/13:

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | | |
| Kevin Bonner | **21,600** | 21,600 |
| P. J. Drudy | **15,750** | 7,000 |
| Phil Gaffney | **21,600** | 21,600 |
| Vincent Green | **13,969** | – |
| Helen Keelan | **15,750** | 15,750 |
| Paul Mallee | **19,080** | 21,600 |
| Frances Meenan | **15,750** | 7,000 |
| Bill McCamley | **15,750** | 15,750 |
| William McDermott | **14,438** | 15,750 |
| Aebhric McGibney | **15,750** | 15,750 |
| John Moloney | **15,750** | 15,750 |
| Tom O'Connor | **1,313** | – |
| Tommy Wynne | **1,313** | – |

## Líon na mBall Foirne

Seo a leanas meánlíon na ndaoine fostaithe ag an gcuideachta:

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| CIÉ | **241** | 243 |
| Iarnród Éireann | **3,792** | 4,053 |
| Bus Éireann | **2,486** | 2,551 |
| Bus Átha Cliath | **3,172** | 3,236 |
| | **9,691** | 10,083 |

## 5 Ábhair agus Seirbhísí

Áirítear le hÁbhair agus Seirbhísí:

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Luach saothair na nIniúchóirí | **665** | 742 |
| Cíosanna ó léas oibriúcháin | **4,114** | 4,406 |
| Costais a aisíocadh leis na Stiúrthóirí | **2** | 4 |
| Deontais ioncaim *(nóta 20)* | **(1,683)** | (1,669) |

Áirítear le Luach saothair na nIniúchóirí:

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Seirbhísí iniúchta reachtúil | **223** | 242 |
| Seirbhísí árachais eile | **25** | 27 |
| Seirbhísí comhairleoireachta cánach | **183** | 156 |
| Seirbhísí eile neamh-iniúchta | **234** | 317 |
| | **665** | 742 |

Áirítear le Costais a aisíocadh leis na Stiúrthóirí:

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Cothabháil/cóiríocht | **2** | 3 |
| Taisteal eachtrach | **–** | – |
| Táillí comhairleachta | **–** | – |
| Eile | **–** | 1 |
| | **2** | 4 |

## 6 Dímheas

| | 2013<br>€000 | 2012<br>€000 |
|---|---|---|
| Dímheas *(nóta 12)* | **230,523** | 232,685 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil *(nóta 20)* | **(171,545)** | (173,972) |
| | **58,978** | 58,713 |

## 7 Costais Oibriúcháin Eisceachtúla

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú gnó | **(5,208)** | (34,230) |
| | **(5,208)** | (34,230) |

Mar chuid de phlean 5 bliana an Ghrúpa, lean Iarnród Éireann de chlár téarfa dheonaigh agus luathscoir. Ba é €4.9 milliún an costas a bhí leis in 2013 lena n-áirítear íocaíochtaí téarfa agus costais eile a bhaineann leis an gclár. Ina theannta sin, thabhaigh Córas Iompair Éireann (an chuideachta shealbhaíochta) €0.3 milliún in atheagrú an ghnólachta i rith na bliana.

## 8 Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan glan ar dhíolachán talún agus foirgneamh | **1,246** | 21,093 |
| Brabús ar dhiúscairt rothstoic , feithiclí, gléasra agus innealra | **1,552** | 596 |
| | **2,798** | 21,689 |

## 9 Ús Iníoctha

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Ar iasachtaí agus léasanna atá go hiomlán inaisíoctha laistigh de chúig bliana | **4,309** | 2,464 |
| Ar iasachtaí agus léasanna nach bhfuil go hiomlán inaisíoctha laistigh de chúig bliana | **411** | 438 |
| | **4,720** | 2,902 |
| **Ús cionroinnte:** | | |
| Costais oibriúcháin an Ghrúpa | **4,237** | 74 |
| Gnóthas Iarnróid | **314** | 1,838 |
| Costais bhonneagair iarnróid | **169** | 990 |
| | **4,720** | 2,902 |

## 10 Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

Tá na deontais iníoctha le Córas Iompair Éireann i gcomhréir le Rialacháin ábhartha an AE lena rialaítear státchabhair arna híoc le gnóthais iompair.

Sa tábla seo a leanas, tugtar mionsonraí ar dheontais Stáit €241,496 mhilliún a fuarthas in 2013 – €225,933 mhilliún faoi Fhó-Mhírcheann C1 de Vóta 32 i nDáil Éireann agus €15,563 mhilliún faoin gClár Infheistíochta Sábháilteachta Iarnróid:

| Deontais Stáit a bhaineann le gníomhaíochtaí 2012/2013 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | |
| Iarnród Éireann – Irish Rail | **127,029** | 166,418 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | **64,540** | 74,768 |
| Bus Éireann – Irish Bus | **34,364** | 36,883 |
| | **225,933** | 278,069 |
| **Móide:** | | |
| Clár Infheistíochta na Sábháilteachta Iarnróid | **15,563** | 14,710 |
| Deontais Stáit don Phlean Forbartha Náisiúnta | **164,378** | 153,212 |
| Deontais Státchiste eile | **2,079** | 2,041 |
| Iomlán an chistiúcháin eile ón Stát | **182,020** | 169,963 |
| Maoiniú iomlán an Stáit | **407,953** | 448,032 |
| **Seo a leanas mar a cuireadh maoiniú iomlán an Stáit chun feidhme:** | | |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite | **241,496** | 292,779 |
| Lúide: bonneagar | **(26,324)** | (62,871) |
| Fóirdheontas agus deontais sábháilteachta iarnróid – oibriúchán | **215,172** | 229,908 |
| Fóirdheontas bonneagair agus deontais sábháilteachta iarnróid | **26,324** | 62,871 |
| PFN – creidmheas i gcoinne athnuachan línte agus oibreacha iarnróid | **83,504** | 77,276 |
| Fóirdheontas bonneagair | **109,828** | 140,147 |
| Ioncam iarchurtha – deontais chaipitil | **81,365** | 76,358 |
| Deontais ioncaim Státchiste eile | **1,588** | 1,619 |
| **Iomlán** | **407,953** | 448,032 |

## 10 Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste (ar lean)

Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitil a amúchadh thar shaolré ionchais na sócmhainní. Breactar deontais ioncaim don Chuntas Brabúis agus Caillteanais Comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha a bhfaightear iad.

| | Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spórt 2013 | Údarás Náisiúnta Iompair 2013 | Iomlán 2013 | Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spórt 2012 | Údarás Náisiúnta Iompair 2012 | Iomlán 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Caipiteal Vóta C2 | 103,037 | 78,211 | **181,248** | 109,589 | 60,374 | 169,963 |
| Inrochtaineacht Vóta C2 | – | 772 | **772** | – | – | – |
| **Iomlán** | 103,037 | 78,983 | **182,020** | 109,589 | 60,374 | 169,963 |

Tá foinse na gCistí faoin bPlean Forbartha Náisiúnta arna bhfáil sa bhliain féilire 2012/2013 teoranta do thionscadail áirithe.

## 11 Glantoradh Na Cuideachta Sealbhaíochta don Bhliain

Tá achoimre ar thorthaí airgeadais na cuideachta sealbhaíochta agus a cuid rannán le fáil i Nóta 2. Ba é €1.0 mhilliún glanbharrachas na cuideachta sealbhaíochta don bhliain, tar éis brabúis ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe.

## 12 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

### Grúpa

| | 1 Ean 2013 | Athaicmiú | Breiseanna | Briseadh agus Diúscairtí | 31 Noll 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas** | | | | | |
| Oibreacha agus línte iarnróid | 1,952,567 | (235) | 89,485 | – | **2,041,817** |
| Maoiniú faighte d'oibreacha agus do línte iarnróid | (1,339,341) | – | (83,510) | – | **(1,422,851)** |
| Rothstoc iarnróid | 1,465,391 | – | 46,623 | (53,235) | **1,458,779** |
| Feithiclí paisinéara bóthair | 575,099 | – | 31,179 | (33,133) | **573,145** |
| Feithiclí lastais bóthair | 2,908 | – | – | (14) | **2,894** |
| Talamh agus foirgnimh | 912,323 | – | 9,834 | – | **922,157** |
| Gléasra agus innealra | 1,210,675 | 235 | 30,452 | (2,150) | **1,239,212** |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 56,198 | – | 255 | – | **56,453** |
| **Iomlán** | **4,835,820** | **–** | **124,318** | **(88,532)** | **4,871,606** |

## 12 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (ar lean)

### Grúpa

| | 1 Ean 2013 €000 | Athaicmiú €000 | Breiseanna €000 | Briseadh agus Diúscairtí €000 | 31 Noll 2013 €000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dímheas** | | | | | |
| Oibreacha agus línte iarnróid | 1,574,471 | – | 94,362 | – | **1,668,833** |
| Maoiniú faighte d'oibreacha agus do línte iarnróid | (1,339,341) | – | (83,510) | – | **(1,422,851)** |
| Rothstoc iarnróid | 706,149 | – | 99,976 | (53,235) | **752,890** |
| Feithiclí paisinéara bóthair | 388,395 | – | 37,504 | (32,876) | **393,023** |
| Feithiclí lastais bóthair | 2,908 | – | – | (14) | **2,894** |
| Talamh agus foirgnimh | 112,953 | – | 16,180 | – | **129,133** |
| Gléasra agus innealra | 576,787 | – | 64,696 | (2,133) | **639,350** |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 20,131 | – | 1,315 | – | **21,446** |
| **Iomlán** | **2,042,453** | **–** | **230,523** | **(88,258)** | **2,184,718** |

### Grúpa

| | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **Glanmhéideanna leabhair** | | |
| Oibreacha agus línte iarnróid | **372,984** | 378,096 |
| Rothstoc iarnróid | **705,889** | 759,242 |
| Feithiclí paisinéara bóthair | **180,122** | 186,704 |
